



An Ghníomhaireacht
Airgeadais Tithíochta

Turascáil Bhliantúil

09



AN GHNÍOMHAIREACHT AIRGEADAIS TITHÍOCHTA ept

Teach Eden
15/17 Eden Quay
Baile Átha Cliath 1.

T +353 1 872 5722
F +353 1 872 5878

E cosec@hfa.ie
W www.hfa.ie

Clár

	Board Na Stiúrthóirí	2
HAON	Tuarascáil an Chathaoirligh.	4
DÓ	Tuarascáil na Stiúrthóirí.	11
TRÍ	Ráiteas um freagrachtaí na stiúrthóirí	20
CEATHAIR	Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleáigh do chomhaltaí na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta cpt	22
CÚIG	Ráiteas um beartais chuntasaíochta.	25
SÉ	Cuntas ioncaim agus caiteachais	30
SEACHT	Ráiteas um ghnóthachain agus chailleanais aitheanta iomlána	31
HOCHT	Clár comhardaithe	32
NAOI	Ráiteas um shreabhadh airgid.	33
DEICH	Mar a réitíodh an glansreabhadh airgid le gluaiseacht sa ghlanfhiachas	34
AON DÉAG	Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais.	35

AGUISÍN

HAON	Fuilleach fós le hóc ag Údaráis Áitiúla agus ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta	63
DÓ	Iasachtaí arna dTabhairt ar Airleacan ag Údaráis Áitiúla agus ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta	65
TRÍ	Fuilleach atá Gan Íoc ar Leabhar na n-Iasachtaíde réir Chineál an Ráta agus Fad na hIasachta	67
CEATHAIR	Struchtúr Foirne na Gníomhaireachta	68

Board Na Stiúrthóirí



John Bolger Cathaoirleach



Ian d'Alton
Príomhfheidhmeannach



Julia Carmichael



Fr. Patrick Cogan



Patrick Doyle



Michael Hayes

*Clodagh Henehan**Jackie Maguire**Philip Nugent**Áine Stapleton**Eddie Wade**Faisnéis Eile***Rúnaí Agus Oifig Chláraithe****Tom Conroy, A.C.M.A.**

Teach Eden
15/17 Eden Quay
Baile Átha Cliath 1.

T +353 1 872 5722**F** +353 1 872 5878**E** cosec@hfa.ie**W** www.hfa.ie**Iniúcháirí****KPMG**

Cuntasóirí Cairte
1 Plás Mháistir an Chuain
Lárionad Seirbhísí Airgeadais
na hÉireann (IFSC)
Baile Átha Cliath 1.

Aturnaetha**McCann FitzGerald
Aturnaetha**

Bruach na hAbhann a hAon
Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2.



CAIBIDIL A HAON


Tuarascáil an Chathaoirligh

Réamhrá


Is cúis áthais dom mo chéad tuarascáil a chur i láthair mar Chathaoirleach ar an nGníomhaireacht, agus táim ag súil go mór le bheith ag obair go bisiúil le mo chóchomhaltaí ar an mBord agus le foireann na Gníomhaireachta. Toisc gur cuireadh tús le tréimhse mo cheapacháin tar éis dheireadh na bliana atá á hathbhreithniú, bhí mé ag brath, cuid mhaith, ar an gcúnamh agus ar an bhfaisnéis a thug an príomh-fheidhmeannach, Ian d'Alton, agus na comhaltaí eile den fhoireann bainistíochta dom go flaithiúil, le mo thuarascáil a scríobh.

Bliain a bhí idir bhrabúsach agus dhúshlanach don Ghníomhaireacht ab ea an ceann a tháinig chun deiridh le déanaí. Bhí cúrsaí eacnamaíochta seachtracha fós iontach deacair ar fad. Tháinig an cúngú ba mhó dar tharla riamh tráth síochána in Éirinn ar an ngeilleagar anseo, agus meastar gur tháinig laghdú thart ar 7.1% ar an Olltáirgeacht Intíre. Lean an cúngú atá ag tarlú i margadh na tithíochta ar aghaidh, agus bhí líon na n-aonad a críochnaíodh in 2009 beagnach 50% níos ísle ná mar a bhí in 2008. Meastar go bhfuil praghasanna tithíochta ag deireadh 2009 idir 30% agus 40% níos ísle ná a bhí siad le linn bhuaicphointe an gheilleagair. Faoi mar a bhíothas ag súil leis i dtuarascáil na bliana seo caite, bhí an bhail ar chistí an stáit agus ar an margadh tithíochta ina bhfachtóirí a d'fhág gurbh ísle leibhéal na gníomhaíochta a bhí ar siúl i ngnónna na nGníomhaireachta ná mar a bhí i mblianta roimhe. Is é €4.58 billiún suim na n-iasachtaí a bhí ar leabhar na n-iasachtaí an 31 Nollaig.

Bhí líon na n-iasachtaí nua a tugadh – €134 milliún – i bhfad níos ísle in 2009 i gcomparáid le figiúr 2008, mar a bhí, €621 milliún. Táimid ag súil leis go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh in 2010. Dá ainneoin sin, thaifead an Ghníomhaireacht brabús sláintiúil €10.8 milliún, agus thugamar rátaí úis a bhí an-íseal agus an-iomaíoch dár gcustaiméirí, na húdaráis áitiúla agus teaghlaigh. Bhí bail iontach maith ar ár gcúrsaí airgeadais ag deireadh 2009, agus cúlchiste €32 milliún againn ag deireadh na bliana.



○ Iasachtaí Comhlána ○ Glaniasachtaí



○ Cúlchistí Deiridh ○ Barrachas/Easnamh

AIRLEACAIN LE HAGHAIDH IASACHTAÍ DE RÉIR NA NIASACHTAÍ COMHLÁNA/NA NGLANIASACHTAÍ A TUGADH 2005-2009

Nithe suntasacha a tharla i rith 2009

Rachaidh dhá thionscnamh de chuid an rialtais a forbraíodh in 2009 i bhfeidhm ar mhéad agus ar fhairsinge oibríochtaí na Gníomhaireachta in 2010 agus níos faide ar aghaidh – forálacha Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009; agus scéim nua léasúcháin a fógraíodh le tithíocht shóisialta a sholáthar.

Tháinig *Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009* chomh fada le leabhar na reachtaíochta i mí Iúil, agus tá an próiseas le tosach feidhme a thabhairt dá fhorálacha ar siúl. Is iad seo a leanas na príomhfhórlacha a théann i bhfeidhm ar an nGníomhaireacht:

- Méadú ar theorainn iasachtaíochta na Gníomhaireachta ó €6 go dtí €10 billiún;
- Deireadh le cur leis an scéim combhúinéireachta de réir a chéile;
- Cistí ó cheannaitheoirí tithe inacmhainne le hathchúrsáil trí Chiste na nÁitreabh Inacmhainne, ciste a bheidh an Ghníomhaireacht le bainistiú agus le cuntas a thabhairt ann mar chiste ar leithligh.
- D'fhéadfadh ról a bheith ag an nGníomhaireacht (asraon infheistíochta a sholáthar, trína chlár um Nótaí faoi Ráthaíocht) sa chiste tacaíochta le haghaidh coimhleács árasán go gceannóidh tionóntaí árasáin; agus

BARRACHAS & CÚLCHISTÍ 2005–2009

- Alt 56 d'Acht na dTithe 1966 le haisghairm, agus foráil cosúil leis le cur ina ionad san Acht seo lena gcuirfear ar chumas na n-údarás áitiúil airgead a fháil ar iasacht le haghaidh forbairtí tithíochta agus forbairtí a bhaineann le cúrsaí pobail.

Fógraíodh *scéim nua léasúcháin* i rith 2009 mar mheicníocht maoiniúcháin mharlartach chun tithíocht shóisialta a sholáthar. Gheobhaidh comhlachtaí tithíochta deonacha agus comhar-thithíochta seilbh ar thithe agus ligfidh an Stát ar léas iad ar feadh tréimhsí chomh fada le 25 bliain. Cé go samhlaítear go bhfaighidh na comhlachtaí tithíochta cistí caipitil ón earnáil phríobháideach ar deireadh, tá scéim eatramhach á tabhairt chun cinn ag an nGníomhaireacht chun airgead a thabhairt ar iasacht (cumhachtaítear di faoi alt 17 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002 le hairgead a thabhairt ar iasacht do chomhlachtaí den sórt sin go díreach) agus tá an obair faoi lán seoil. Thart ar €200 milliún is ea an tsuim a shamlaítear bheidh i gceist leis in 2010.

Brabúsacht agus cúlchistí

Barrachas €10.9 milliún a rinne an Ghníomhaireacht in 2009, i gcomparáid le caillteanas €2.02 milliún i 2008. €31.9 milliún a bhí sna cúlchistí ag 31 Nollaig 2009, ar leor é sin chun rioscaí ina gnó a chlúdach.

Tuarascáil an Chathaoirleach (ar lean.)

Cé go bhfeidhmíonn an Ghníomhaireacht mar aonán neamhbhrabúsach, ní mór di a cuid cúlchistí a mhéadú agus a choinneáil ar bun chun na rioscaí fadtéarmacha agus saolré a thagann chun cinn ina gnó a chlúdach. Bhí sé sin ina bheartas ag an mBord go leanúnach le fada an lá. Déanann an Bord monatóireacht ar an mbealach a bhainistíonn an Ghníomhaireacht a cuid rioscaí chomh maith le monatóireacht ar thuilleamh na Gníomhaireachta, agus mionathraíonn an Ghníomhaireacht a cuid corrlach lena chinntiú gur leor na fáiltais chun na rioscaí a aithnítear a chúiteamh.

Rialachas corparáideach

Féachann an Ghníomhaireacht leis na caighdeáin rialacháin chorparáidigh is airde a bhaint amach. D'eisigh an Roinn Airgeadais leagan uasdátaithe den *Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* i mí Mheitheamh 2009. Tá creat leagtha amach ann atá le glacadh ag comhlachtaí Stáit i dtreo is go mbainfear amach an cleachtas is fearr ó thaobh an rialachais chorparáidigh i gcomhlachtaí Stáit, idir chomhlachtaí tráchtála agus chomhlachtaí neamhtráchtála. Léirítear athruithe éagsúla sa Chód uasdátaithe a rinneadh ó foilsíodh an cód bunaidh (a ghlac agus a leanann an Ghníomhaireacht) i mí Dheireadh Fómhair 2001, idir athruithe ar threoirilínte reachtaíochta agus ar threoirilínte riaracháin, lena mbaineann impleachtaí do chreat rialachais chomhlachtaí Stáit. Ghlac an Bord an Cód athbhreithnithe ag a chruinniú i mí Mheán Fómhair 2009.

An 22 Meán Fómhair 2009, láithrigh an Ghníomhaireacht os comhair an Chomhchoiste um Chomhshaoil, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil chun *Tuarascáil Bhlíantúil agus Cuntais* 2008 na Gníomhaireachta a chur ina láthair. Thug ionadaithe na Gníomhaireachta freagra ar cheisteanna agus ar thuairimí a chuir comhaltaí an Choiste in iúl, agus bhí na comhaltaí sin buíoch ar an iomlán den obair a rinne an Ghníomhaireacht.

Tá áthas orm a thuairisciú gur áiríodh an Ghníomhaireacht, arís, mar iomaítheoir ar an ngearrliosta deiridh do Ghradaim 2009 na gCuntasóirí Cairte do Chuntais Fhoilsithe.

Pleanáil agus tuairisceoireacht ó thaobh cúrsaí corparáideacha


Faoin *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* cuireann an Ghníomhaireacht tuarascálacha leathbhliantúla ar fáil don Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus don Roinn Airgeadais. Rinneadh na tuarascálacha sin in am in 2009, agus leanfar ar aghaidh leis an socrú in 2010. Déantar *Plean Corparáideach* rollach cúig bliana na Gníomhaireachta, a fhoilsítear ar ár suíomh idirlín, a thabhairt cothrom le dáta go bliantúil agus is é an Bord a cheadaíonn é.

Rinneadh athchóiriú iomlán ar shuíomh idirlín na Gníomhaireachta i rith 2009, agus bhí fáil ar an leagan nua i mí Eanáir 2010. Is é aidhm an tsuímh nua go mbeadh sé níos so-úsáidí agus níos faisnéisí. Ní amháin gur fuinneog é lena dtugtar léargas ar an nGníomhaireacht, ach is uirlis oibre é go príomha lena ndéantar iasachtaí a chreidiúnú, a fhíorú, a cheadú agus a eisiúint dár gcustaiméirí.

Bainistíocht Rioscaí

Agus an Bord ag déanamh de réir an *Chóid Cleachtais* athbhreithnithe *um Rialachas Comhlachtaí Stáit*, chomhaontaigh an Bord Creat Bainistíochta Rioscaí in 2009 (a bheidh an Coiste Iniúchóireachta le maoirseacht a dhéanamh air), agus tá coiste foirmiúil um bainistíocht rioscaí curtha ar bun arb iad na bainisteoirí sinsearach a tá ina gcomhaltaí de. Tá 'rioscaí' ina mbuanmhír ar chlár oibre gach cruinnithe den Bhord.

Bíonn rioscaí roimh an nGníomhaireacht a fhágann gur gá cúlchistí leordhóthanacha a choinneáil ar bun agus, sa chás gur cuí, soláthairtí sonracha freisin. Baineann *rioscaí maidir le boillsíú* go príomha leis an gcostas a bhíonn i gceist le mímhéaitseáil fhadtéarmach, idir iasachtaí comhúinéireachta atá níos sine agus iasachtaí innéacsaithe a bhaineann le hioncam agus atá níos sine freisin, agus na bannaí leagáide lena maoineítear na hiasachtaí sin. Gnóthaíodh €0.5 milliún de thoradh na n-iasachtaí sin in 2009, mar gheall ar na héifeachtaí a bhain leis an díbhóillsíú. Leanfaidh an mhímhéaitseáil sin ar aghaidh go dtí 2015 (nuair a bheidh na bannaí le haisíoc) ar chostas réamh-mheasta don Ghníomhaireacht de réir mar a thagann borradh faoin mboillsíú arís. Lena chois sin, d'fhéadfadh gnóthachain nó caillteanais teacht de




LEABHAR IASACHTAÍ €M 2005–2009

bharr difríochtaí sa ráta boilscithe le linn na bliana. Fuarthas caillteanas €2.3 milliún de bharr na ndifríochtaí sin in 2009. Sa tréimhse mheántéarmach – fhadtéarmach áfach, ba cheart go gcúiteodh gluaisteachtaí, sa ráta boilscithe le linn na bliana, a chéile.

Leanfaidh an mhúmheaitseáil maidir le hiasachtaí ar ráta seasta ar aghaidh go dtí 2018, nuair a thiocfaidh tráth aibíochta do bhannaí a eisíodh. Sna blianta 1986–89, thug an Ghníomhaireacht airgead ar airleacan ar ráta seasta d'iasachtaí a bhain le morgáistí, agus is le heisiúint bannaí in bpuint na hÉireann ar ráta seasta a maoiníodh iad sin. Mar gheall ar a dholúbtha is a bhí coinníollacha eisiúna sa tréimhse roimh an euro, i gcomparáid leis an mbail a bhí ar chúrsaí ina dhiaidh, tháinig mímheaitseáil chun cinn le himeacht ama idir suim na n-iasachtaí a bhí amuigh agus na bannaí a eisíodh. Chosain sé sin €4.2 milliún ar an nGníomhaireacht in 2009.

I rith 2009, de bharr an riosca a bhain le *hiarmhéideanna ar iasachtaí níos sine a bhain le hioncam*, tháinig caillteanais eile chun cinn, €0.5 milliún, a tabhaíodh ach nár tuairiscíodh, rud a d'fhág gur €1.04 milliún an soláthar iomlán don eilimint riosca sin. Cé nár ghá aon leas eile a bhaint as an soláthar sin in 2009, is dócha go mbeidh gá le soláthairtí breise i mblianta amach anseo.

Is cúis áthais dom a rá go raibh *ciste pinsin* na Gníomhaireachta maoinithe go hiomlán mar a bhí ag deireadh 2009, rud atá de réir Chaighdeán Maoiniúcháin an Bhoird Phinsin.



AIRLEACAIN LE HAGHAIDH IASACHTAÍ DE RÉIR CHINEÁL NA NIASACHTAÍ IN 2009

Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí


Déantar monatóireacht ar an tSeirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí, agus is cúis áthais dom a thuairisciú go raibh feidhmíocht sa réimse seo an-ghar dár dtargaidí, nó go sáraítear na targaidí sin.

Maidir le *hairleacain le haghaidh iasachtaí d'údarás áitiúla* a eisíoc go tráthúil, tá sé de sprioc ag an nGníomhaireacht go ndéanfar 95% d'iasachtaí faoi cheann seacht lá ón tráth a fhaightear an t-iarratas. Bhain an Ghníomhaireacht an targaid sin amach in 2009.

Is tomhas tábhachtach é *ag déileáil go tráthúil le comhlhreagras ó fhoinsí seachtracha* ar a fheabhas is bhíonn eagraíocht ag freastal ar a cuid custaiméirí. Leanann an Ghníomhaireacht ar aghaidh lena sprioc a chomhlíonadh agus gach comhlhreagras dá bhfaightear ó fhoinsí seachtracha a fhreagairt faoi cheann seachtain oibre amháin.

Tá *Oiliúint agus forbairt na foirne* tábhachtach go mbeidh an Ghníomhaireacht éifeachtúil ar bhonn leanúnach. Táimid gar dár sprioc a bhaint amach maidir le suim is ionann le 4% de chostais phárolla a chaitheamh ar an oiliúint, agus ba é 3.2% ár dtoradh ina leith sin i gcomhair 2009.

Lenár *Lamhleabhar um Beartais agus Nósanna Imeachta*, tomhaistear a mhéid is a chloímid leis an rialachas corparáideach struchtúrtha cuí. Déantar tuairisciú air seo dhá uair sa bhliain, agus déanann an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú ar an scéal. Ba í ár sprioc



RÁTAÍ EURIBOR® AR FEADH 1 AGUS 3 MHÍ 2009

sa réimse seo líon na gcásanna inar sáraíodh beartais agus nósanna imeachta (seachas cásanna a tháinig chun cinn de bharr baill foirne a bheith as láthair) a theorannú sa chaoi is gur lú ná 10 gcás a bheadh ann. Tá áthas orm a thuairisciú gur bhaineamar ár sprioc amach, gan tuairisc ar bith dá leithéid faoi eisceachtaí in 2009.

Coinnímid dlúthchaidreamh ar bun lenár gcustaiméirí trí chomhráite le cumainn ionadaithe na n-oifigeach údaráis áitiúil (ceannasaithe na rannóg airgeadais, cléirigh baile) agus trí ábhar a chur ina láthair; trí chruinnithe duine-le-duine le foireann na n-údarás áitiúil agus trí rannpháirtíocht i gcoiste idirchaidrimh na Gníomhaireachta/na n-údarás áitiúil, atá comhdhéanta de stiúrthóirí na Gníomhaireachta agus de bhainisteoirí contae agus cathrach.

An tIasachtú i rith 2009

Is é misean na Gníomhaireachta airgeadas costéifeachtach le haghaidh iasachtaí a fhoinsiú agus a sholáthar d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe san earnáil dheonach. Tugann an Ghníomhaireacht iasachtaí do 44 údarás áitiúil faoi láthair faoi raon scéimeanna agus struchtúr ilghnéitheach. Ba é €681 milliún ollsuiam na n-airleacan le haghaidh iasachtaí in 2009. Ba é €134 milliún suim na n-airleacan, tar éis aiséocaíochtaí agus fuascailtí a

áireamh, agus ag deireadh na bliana, shroich leabhar iasachtaí na Gníomhaireachta €4.58 billiún san iomlán.

Is don Tithíocht Inacmhainne (€274 milliún) go príomha a bhí airleacain in 2009, agus do chomhlachtaí tithíochta deonacha faoin Scéim um Iasachtaí Caipitil agus Fóirdheontais (€139 milliún); agus don Chomhúinéireacht (€61 milliún). Ó thaobh cúrsaí bonneagair, tugadh €196 milliún ar airleacan do thionscadail uisce/dramhaíola/chomhshaoil.

Maoiniúchán agus bainistíocht cisteáin

Baineann formhór ghnó na Gníomhaireachta le hiasachtaí ar rátaí athraitheacha, agus is iad cláir pháipéir tráchtála, atá faoi ráthaíocht an Stáit, a mhaoinionn na hiasachtaí seo go príomha. Baineann an Ghníomhaireacht leas as a clár páipéir euro-thráchtála (arna fheidhmiú ag Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta thar a ceann, agus na rátálacha gearrthéarmacha is airde á n-iompar aige) agus as a clár um Nótaí faoi Ráthaíocht chun cistí a chruinniú ar na rátaí is fearr is féidir. Soláthraíonn áis inmhéanach um eisiúint nótaí, chomh maith le rótharraingt, an tsolúbthacht a bhíonn tábhachtach agus úsáideach i ngnó a mbíonn láimhdeachas thart faoi €55 billiún in aghaidh na bliana aige in airgead tirim agus a chómhaithe.

Tuarascáil an Chathaoirle (ar lean.)

Tá an Gníomhaireacht tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar ár bpróifíl fiachais le déanaí, lenar scrúdaíodh a indéanta is a bheadh sé próifíl aibíochta na punainne a fhadú, chomh maith leis na himpleachtaí a bhainfeadh leis sin ó thaobh costais. Thángthas ar an gconclúid, go bunúsach, sa tuarascáil, ó thaobh na stuamachta, go bhfuil cúiseanna maithe ann gur chóir an phróifíl aibíochta a fhadú. Tá faoin nGníomhaireacht, i rith 2010, an beartas atá againn cheana féin a thabhairt ar aghaidh agus a ghéarú ó thaobh cistí níos fadtéarmaí a chruinniú cibé áit agus cibé uair is féidir, ach sin faoi réir cothromaíocht chuí, áfach, ó thaobh na n-impleachtaí costais dár n-iasachtaithe agus fáil a bheith ar ionstraimí lena ngabhann struchtúr cuí. Sa chomhthéacs sin, leanann an Gníomhaireacht ar aghaidh le maoiniúchán costéifeachtach a lorg, faoi mar a bhí amhlaidh leis an maoiniúchán 12/20 bliain ó Bhanc Forbartha Chomhairle na hEorpa, a cuireadh i gcrích i mí na Nollag 2009.

Soláthraíonn an Gníomhaireacht áis infheistíochta d'údaráis áitiúla freisin agus, in 2009, phlémar le 47 údarás áitiúil sa réimse sin dár ngnó. Chomh maith le seirbhís costéifeachtach agus solúbtha a sholáthar dár gcustaiméirí, tá an áis ina foinse thábhachtach eile de mhaoiniúchán don Gníomhaireacht.

Rátaí Úis

Leanann an Gníomhaireacht ar aghaidh le sárлуach a thairiscint dá custaiméirí. Téann ráta morgáiste blianachta a ghineann an Gníomhaireacht féin, i leith tithe a cheannach, chun sochair do theaghlaigh agus tá an ráta sin anois thart faoi 1% faoi bhun na meánrátaí caighdeánacha athraitheacha atá ar fáil sa mhargadh. Socraítear rátaí iasachtaí *Home Choice* ar ráta beagán níos airde, rud a léiríonn beartas an rialtais sa réimse seo. Chun críocha tithíochta agus críocha gaolmhara nach ngabhann morgáistí leo, ar an meán, ráta íseal 2.3% ab ea an ráta úis d'údaráis áitiúla i gcaitheamh 2009. Is é beartas na Gníomhaireachta a rátaí úis a choinneáil ar an leibhéal is ísle is féidir, gan dochar do soláthairtí le haghaidh rioscaí i bpunann na Gníomhaireachta, agus struchtúir chostéifeachtacha, le haghaidh iasachtaí, a sheachadadh chun teacht le riachtanais ár gcustaiméirí.

Saoráil Faisnéise

Tá an Gníomhaireacht tagtha faoi raon feidhme an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 ó 2002. Tá mionsonraí faoin rochtain ar thaifid na Gníomhaireachta agus ar fhaisnéis ar an nGníomhaireacht le fáil ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta, www.hfa.ie. Is é an tUasal Barry O'Leary an tOifigeach um Shaoráil Faisnéise agus is é an Dr. Ian d'Alton an t-athbhreithnitheoir inmheánach. Ní bhfuarthas aon iarratais ar fhaisnéis in 2009.

Fuinneamh a Chaomhnú

De réir an bheartais reatha phoiblí maidir le fuinneamh a chaomhnú, tá an Gníomhaireacht tar éis bearta ábhartha caomhantais a ghlacadh. Tuairiscím mar seo a leanas:

- Athchúrsáil an Gníomhaireacht páipéar & cairtchlár, trealamh leictreonach agus fóin shoghluaiste;
- Ceannaíonn agus feidhmíonn sí freastalaithe agus ríomhairí pearsanta atá rátáilte ó thaobh fuinnimh;
- Baineann 55% den fhoireann úsáid as scéim an Phas Taisitil; agus
- Bíonn 17% den fhoireann ag rothaíocht chuig agus abhaile ón obair.

Tá sé i gceist cur leis na nithe seo a baineadh amach d'fhonn is go dtabharfar tuilleadh beart le fuinneamh a choigilt isteach i rith 2010.

Cúrsaí riaracháin agus foirne

Íocann an Gníomhaireacht aisti féin trí chorrach beag a bhaint as an airgead a thugann sé ar iasacht. Cé gur comhlacht féinmhaoinitheach é an Gníomhaireacht – mar a aithníodh sa *Report of the Special Group on Public Service Numbers and Expenditure Programmes* (Tuarascáil McCarthy) – nach leithdháileann an Stáchtiste buiséad air, tacaíonn an Bord dá ainneoin sin le seasamh an Rialtais i ndáil leis an gcaiteachas a rialú sa mhéid is go mbeidh sin ag teacht le múnla gnó na Gníomhaireachta agus nach gcuirfear an múnla sin i mbaol dá bharr. Cé go mbíonn an Gníomhaireacht in ann a roghanna féin a fheidhmiú go pointe ó thaobh cúrsaí caiteachais, féachaimid le costais oibriúcháin a choinneáil chomh

Turascáil an Chathaoirligh (ar lean.)

híseal agus is féidir, agus an leibhéal seirbhíse lena mbítear ag súil uainn a chur ar fáil. Mar chéatadán den leabhar iasachtaí ag deireadh na bliana, tá costais riaracháin na Gníomhaireachta tite ó 0.06% go dtí 0.04% sa tréimhse ó 2002 go dtí 2009. Ní íocann an Ghníomhaireacht bónais, pá le haghaidh ragoibre ná pá ardráta.

Is ionann líon foirne na Gníomhaireachta agus dáréag lánaimsire. I rith na bliana, chaill an Ghníomhaireacht an naoú cuid dá díorma foirne nuair a chuaigh comhalta lánaimseartha amháin ar scor agus nuair a tháinig deireadh le conradh leathaimsire. Ualach substaintiúil is ea é sin ar eagraíocht bheag ar eagraíocht shuntasach ó thaobh cúrsaí airgeadais mar sin féin í, agus tá idirbheartaíocht ar bun againn le daoine a fháil chun na folúntais a líonadh. Déanfaidh mé an pointe, cé gur tháinig an-mhéadú ar fad ar líon na n-idirbheart a rinne an Ghníomhaireacht le blianta beaga anuas, tá líon na foirne mar a bhí in 2002. Tá an Ghníomhaireacht fíorbhuíoch de thréithe na solúbthachta agus an tiomantais a léiríonn ár bhfoireann, go háirithe agus cúrsaí deacair go maith faoi láthair, agus bímid i mbun ár ndíchill le struchtúir a fheidhmiú lena mbeifear tuisceanach do chúrsaí teaghlaigh agus don chothromaíocht atá le baint amach idir an obair agus an saol.

Buíochas

I bhfianaise an líon beag de bhaill foirne lárnacha atá ag an nGníomhaireacht, ní fhéadfadh sé feidhmiú go héifeachtúil gan cúnamh agus comhoibriú a páirtithe leasmhara go léir. Téann ár mbuíochas as a dtacaíocht go háirithe chuig na hAirí Comhshaoil, Oidhreacht & Rialtais Áitiúil, agus Airgeadais, agus chuig a bhfoireann. Táimid buíoch fosta de Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, den Bhanc Ceannais, de na gníomhaireachtaí rátála creidmheasa, dár n-íniúcháirí, dár ndlíodóirí, dár gconraitheoirí Teicneolaíochta Faisnéise agus dár mbaincéirí agus díobh sin ar fad a sholáthraíonn seirbhísí bunriachtanacha don Ghníomhaireacht. Is ar riachtanais ár gcustaiméirí a bhíonn ár bhfócas, agus bímid buíoch dá gcúirtéis agus dá n-éifeachtúlacht agus iad ag déileáil leis an nGníomhaireacht.

Reáchtáil an Bord ocht gcrúinniú i rith na bliana, agus gabhaim buíochas le comhaltaí an Bhoird as a rannchuidiú dá obair éifeachtúil éifeachtach. Taifeadadh bás anabair iar-Chathaoirleach na Gníomhaireachta, an tUas. Edward Coffey, i mí an Mhárta. I rith na bliana, d'éirigh an tUas. Anthony Vesey as a bheith ina stiúrthóir, agus táthar buíoch dá obair fhad is a bhí sé ar an mBord. Ar deireadh, is oth go mór le comhaltaí an Bord Eleanor Parnell, Uas., a bheith dulta ar scor uainn. Bhí sí ag fónamh don Ghníomhaireacht le fada an lá agus ba mhór ár ngnaoi uirthi. Guímid gach rath agus séan uirthi ina saol nua.

Thar cheann an Bhoird,



John Bolger
Cathaoirleach
29 Aibreán 2010



CAIBIDIL A DÓ

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na Stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009 i láthair anseo.

1. Cúlra

Is cuideachta faoi theorainn scaireanna í an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta cpt arna cur chun cinn ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoi théarmaí an Achta um an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981, agus corpraíodh í ar 8 Feabhra 1982. Is iad príomhchuspóirí na cuideachta:

- (a) cistí a thabhairt ar airleacan d'údaráis áitiúla lena n-úsáid chun cuspóir ar bith arna údarú ag na hAchtanna do Thithe; agus
- (b) cistí a fháil ar iasacht nó a chruinniú chun na gcríoch seo.

Is é an tAire Airgeadais úinéir tairbhiúil scairchaipiteal eisithe uile na Gníomhaireachta. Ceapann an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil na stiúrthóirí, le toiliú an Aire Airgeadais.

Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean.)

2. Torthaí agus díbhinní

	€'000
Barrachas aitheanta iomlán don bhliain	10,951
Barrachas ag tús na bliana	21,255
Barrachas ag deireadh na bliana	32,206

Tá na torthaí sásúil agus léirítear leo brabúis a gineadh de bharr beartais a cheadaigh na Stiúrthóirí i leith na gcorrlach, rud a dearadh lena chinntiú go mbeidh dóthain cúlchistí ag an nGníomhaireacht chun na costais a sheasamh a mheastar a thiocfaidh de bharr mímhaitseálacha idir maoiniúchán treoirnasctha agus maoiniúchán ar ráta seasta.

Ní mholann na Stiúrthóirí go n-íocfaí díbhinn.

Leagtar athbhreithniú amach ar na rioscaí suntasacha don Gníomhaireacht ó thaobh cúrsaí airgeadais agus ar na bealaí suntasacha atá sí nochtaithe do rioscaí, i leith a sócmhainní, a dliteanas agus ionstraimí airgeadais, in éineacht leis na cuspóirí agus beartais maidir le rioscaí a bhainistiú a úsáideann an Gníomhaireacht i leith na rioscaí sin a bhainistiú, i nóta 15 a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Tugtar mionchuntas ar aon ionstraimí airgeadais a úsáideadh chun na rioscaí sin a mhaolú i nótáí 15 agus 16 a ghabhann leis na cuntais seo. Ar leathanaigh 4 go 10, tugtar aghaidh i dtuarascáil an Chathaoirligh ar na rioscaí suntasacha ó thaobh cúrsaí gnó a bhfuil an Gníomhaireacht nochtaithe dóibh.

3. Athbhreithniú ar fhorbairt an ghnó

(a) Iasachtaí d'údaráis áitiúla (a cheadaíodh roimh 27 Bealtaine 1986)

Bunaíodh an Gníomhaireacht chun iasachtaí treoirnasctha a eisiúint d'údaráis áitiúla go dtabharfaidís siúd airgead ar iasacht ar bhonn gníomhaireachta do dhaoine aonair. San iomlán, tugadh €403 milliún ar airleacan d'údaráis áitiúla faoin scéim seo agus úsáideadh é chun 15,571 morgáiste a mhaoiniú. Ar 31 Nollaig 2009 ba ionann iasachtaí den sórt sin agus fuilleach €21.1 milliún a bhí gan íoc. Dlitear aon chaillteanas chreidmheasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn as siocair na morgáistí seo a chur ar an nGníomhaireacht.

(b) Iasachtaí d'údaráis áitiúla (a cheadaíodh tar éis 27 Bealtaine 1986)

Bhí an Gníomhaireacht ag eisiúint iasachtaí le héifeacht ó mhí na Bealtaine 1986 d'údaráis áitiúla d'fhonn deontais fheabhsúcháin agus iasachtaí in-chomhshóite agus blianachta a mhaoiniú, a bheidh bainteach le hioncam. Faoi Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992 cuireadh le cumhachtaí na Gníomhaireachta údaráis áitiúla a mhaoiniú le haghaidh aon cheann dá bhfeidhmeanna faoi Achtanna na dTithe. Dá thoradh sin tá iasachtaí eisithe ag an nGníomhaireacht d'údaráis áitiúla chun na scéimeanna tithíochta comhúinéireachta agus deonacha a mhaoiniú.

Coinníonn an t-údarás áitiúil cuid shuntasach de na cistí sin chun críocha éagsúla ar nós talamh a cheannach. Tugann na húdaráis áitiúla an fuilleach ar iasacht d'iasachtaithe aonair agus do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe. Bíonn na húdaráis áitiúla freagrach as aon chaillteanas a d'fhéadfadh tarlú dá bharr. Is é tuairim na Gníomhaireachta, toisc gurbh é an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil a cheadaigh gach iasacht dar tugadh ar airleacan tar éis 27 Bealtaine 1986, nach dtagann riosca ó thaobh creidmheasa chun cinn.

An 31 Nollaig 2009, ba ionann iasachtaí den sórt sin agus fuilleach €4.58 billiún a bhí gan íoc.

I rith na bliana, rinneadh ath-idirbheartaíocht maidir le suim €176.10m agus €87.74m i leith airleacan a bhí le teacht in aibíocht in 2009 agus in 2010 faoi seach, agus tugadh iad ar aghaidh isteach i mbliain 2011.

4. Rialachas corparáideach

Tá na Stiúrthóirí tiomanta do na caighdeáin is airde a choinneáil ar bun ó thaobh an rialachais chorparáidigh agus tacaíonn siad leis na Prionsabail um Dhea-Rialachas agus le Cód an Chleachtais is Fearr ("Cód Comhcheangailte 2006") a dhíorthaigh an Coiste um Rialachas Corparáideach ó Thuarascáil Deiridh an Choiste agus ó Thuarascáil Turnbull. Eisíodh Cód Cleachtais nua um Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna fhoilsiú ag an Roinn Airgeadais, i mí Mheitheamh 2009 agus comhlíonann an Gníomhaireacht an cód sin.

Tuascáil na Stiúrthóirí (ar lean.)

Prionsabail an dea-rialachais chorporáidigh

Tá na stiúrthóirí freagrach do scairshealbhóir na Gníomhaireachta as an dea-rialachas corparáideach agus cuirtear síos sa ráiteas seo a leanas ar an gcaoi a gcuirtear i bhfeidhm sa Gníomhaireacht Prionsabail an Dea-Rialachais faoi mar atá siad leagtha amach i gCód Comhcheangailte 2006 agus sa Chód Cleachtais um Rialachas do Chomhlachtaí Stáit.

Bord na Stiúrthóirí

Cruinnithe a socraíodh don Bhord don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2000:

Comhaltaí	Ceird	Ar fáil le freastal ar	D'fhreastail ar
Edward Coffey (Básaithe)	Cathaoirleach	2	0
Ian d'Alton (Príomhfh.)	Príomhfheidhmeannach	8	8
Julia Carmichael	Comhairleoir	8	3
An tAth. Patrick Cogan	Príomhfh. ar <i>Respond!</i>	8	7
Patrick Doyle	Sainchomhairleoir	8	6
Michael Hayes	Innealtóir Sibhialta	8	8
Clodagh Henahan	Oifigeach údaráis áitiúil	8	7
Jackie Maguire	Oifigeach údaráis áitiúil	8	8
Philip Nugent	Státseirbhíseach	8	8
Áine Stapleton	Státseirbhíseach	8	7
Anthony Vesey	Comhairleoir	6	6
Eddie Wade	Comhairleoir	8	8

Tháinig an Bord le chéile ocht n-uaire in 2009 agus bíonn sé freagrach as an nGníomhaireacht a bhainistiú i gceart.

Bíonn ról an Chathaoirligh agus ról an Phríomhfheidhmeannaigh scartha ó chéile. Ar 31 Nollaig 2009, bhí Bord na Stiúrthóirí comhdhéanta de naonúr Stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin agus aon Stiúrthóir feidhmiúcháin amháin. Ceapann an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil na Stiúrthóirí ar feadh tréimhse nach mó ná cúig bliana. Tá na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin go léir neamhspleách ar an mbainisteoireacht.

Déanann an Bord na mórchinntí straitéiseacha, agus coinníonn sé aige féin an rialú lánéifeachtach ach san am céanna tugann sé don bhainistíocht feidhmiúcháin dóthain solúbthachta chun an gnó a reachtáil go héifeachtúil éifeachtach laistigh de fhrámaíocht lárnaithe tuairisceoireachta. Tá míreanna áirithe coinnithe chuige féin go ndéanfaidh an Bord athbhreithniú orthu, lena n-áirítear na ráitis airgeadais bhliantúla a

fhaomhadh, conarthaí suntasacha, mór-infheistíochtaí agus caiteachas suntasach caipitil a cheadú. Tugann gach Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin breithiúnas neamhspleách leis nó léi i leith na ngnóthaí a bpléann an Bord leo, lena n-áirítear na cinn sin a bhaineann le straitéis, feidhmíocht, acmhainní agus caighdeán iompraíochta.

Is féidir le gach ball den Bhord teacht ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta, a bhíonn freagrach as a chinntiú go leantar nósanna imeachta an Bhoird agus go gcomhlíontar na rialacha agus na rialacháin is infheidhme. Bíonn comhairleoirí gairmiúla na Gníomhaireachta ar fáil le haghaidh comhairliúcháin leis na Stiúrthóirí de réir mar is gá. Féadfaidh Stiúrthóirí aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a ghlacadh, más gá, ar chostas na Gníomhaireachta.

Dhearbhaigh na hiniúcháirí a neamhspleáchas leanúnach mar iniúcháirí don Gníomhaireacht don

Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean.)

bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009. Tá próiseas i bhfeidhm trína ndéanann an Bord athbhreithniú, laistigh de pharaiméadair chomhaontaithe, ar aon seirbhísí nach seirbhísí iniúchóireacha iad a dtugann na hiniúcháirí fúthu, agus ar tháillí gaolmhara. Cinntítear go gcosnaítear oibiachtúlacht agus neamhspleáchas na n-iniúcháirí ar an gcaoi seo.

Tá struchtúr éifeachtach de choistí curtha ar bun ag an mBord chun cabhrú leis a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh lena n-áirítear:

An Coiste Iniúchta

Cruinnithe a socraíodh don Choiste Iniúchóireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009:

Comhaltaí	Ar fáil le freastal ar	D'fhreastail ar
Fr. Patrick Cogan	4	3
Patrick Doyle	4	4
Michael Hayes	4	4
Jackie Maguire	4	4
Anthony Vesey	4	3
Eddie Wade	4	3

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile ceithre huaire i mbliana agus feidhmíonn sé faoi théarmaí tagartha foirmiúla.

Faoin gCód Cleachtais um Rialachas do Chomhlachtaí Stáit, féadfaidh an coiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ghnóthaí a bhaineann le cúrsaí airgeadais na Gníomhaireachta. Déanann sé athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bliantúla, ar na tuarascálacha iniúchóireachta inmheánacha, ar an gcaoi a gcomhlíontar caighdeáin chuntasaíochta agus ar cheapachán agus ar tháillí na n-iniúcháirí seachtracha. Bíonn ról aige freisin maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar rátaí agus leis an bplean iniúchóireachta inmheánaí a cheadú, a ndéantar feidhmíocht an phlean a thomhas dá réir. Bíonn cruinniú ag na hiniúcháirí seachtracha leis an gcoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí na hiniúchóireachta bliantúla ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta.

Coiste Airgeadais

Cruinnithe a socraíodh don Choiste Iniúchóireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009:

Comhaltaí	Ar fáil le freastal ar	D'fhreastail ar
Edward Coffey (Básaithe) (Cathaoirleach)	1	1
Ian d'Alton (CEO)	2	2
Julia Carmichael	2	1
Clodagh Henahan	2	2
Áine Stapleton	2	2
Philip Nugent	2	1

Tháinig an Coiste le chéile dhá uair i rith na bliana agus cumhachtaítear é thar cheann na Gníomhaireachta le hairgead a fháil ar iasacht agus a chruinniú agus chun aon áiseanna ceadaithe a chur i ngníomh, a úsáid agus a fheidhmiú. Feidhmíonn an coiste faoi théarmaí tagartha foirmiúla atá ceadaithe ag na Stiúrthóirí.

Coiste um Luach Saothair

Níor tionóladh an Coiste i rith na bliana.

Comhaltaí

Edward Coffey (Básaithe) (Cathaoirleach)

Fr. Patrick Cogan

Philip Nugent

Déanann an Coiste um Luach Saothair moltaí maidir le luach saothair an Príomhfheidhmeannaigh go mbreithneodh an Bord iad, ach ceadú a fháil ón Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil. Feidhmíonn sé faoi réir téarmaí tagartha foirmiúla. Leagtar amach mionsonraí ar tháillí agus díolaíochtaí na Stiúrthóirí i nóta 6 a ghabhann leis na ráitis airgeadais de réir cheanglais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2006.

*Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean.)***Coiste um Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Bhoird**

Cruinniú a socraíodh don Choiste um Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Bhoird don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009:

Comhaltaí	Ar fáil le freastal ar	D'fhreastail ar
Fr. Patrick Cogan	1	1
Michael Hayes	1	1
Áine Stapleton	1	1

Tháinig an Coiste um Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Bhoird le chéile uair amháin i rith na bliana. Bunaíodh an Coiste in 2008, le meastóireacht fhoirmiúil a dhéanamh ar fheidhmíocht an Bhoird agus ar fheidhmíocht a Choistí agus a Stiúrthóirí indibhidiúla. Tuairiscíonn an Coiste seo don Bhord agus don Chathaoirleach go bliantúil maidir lena chinntí.

Luach Saothair na Stiúrthóirí

Cinneann an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil leibhéal luach saothair na Stiúrthóirí. Ní bhíonn luach saothair na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin nasctha le feidhmíocht.

Caidreamh le scairshealbhóirí

Coinníonn na Stiúrthóirí agus an Bhainistíocht dialóg leanúnach ar bun le scairshealbhóirí na Gníomhaireachta maidir le ceisteanna straitéiseacha. Teastaíonn ceadú an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus/nó an Aire Airgeadais i leith gnóthaí sainithe áirithe agus coinnítear cumarsáid leanúnach ar bun leis na hAirí, trína ranna, maidir leis na cúrsaí seo.

Rialú inmheánach

Bítear ag glacadh le agus ag bainistiú raon rioscaí mar chuid de ghnó na Gníomhaireachta agus ciallaíonn a mbíonn i gceist leis na rioscaí seo go bhféadfadh rudaí tarlú a d'fhágfadh go dtiocfadh caillteanais gan choinne. Ar aon dul le hAlt 8 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, ag a chruinniú an 4 Nollaig 2009,

thug Bord na Gníomhaireachta a chead go nglacfaí Creat Bainistíochta Rioscaí agus go gceapfaí coiste ar a mbeadh an Príomhfheidhmeannach, Ceann an Chisteáin agus Rúnaí na Cuideachta mar an comhlacht arna ainmniú chun rioscaí a bhainistiú laistigh den Ghníomhaireacht agus chun bheith freagrach as na rioscaí sin. Déanann Coiste Iniúcháireachta an Bhoird maoirseacht ar rioscaí agus tá 'rioscaí' ina mbuanmhír ar chlár oibre gach cruinnithe den Bhord.

De réir Chomhchód 2008 – deimhníonn an Bord go bhfuil próiseas leanúnach ann chun na rioscaí suntasacha a bhíonn roimh an nGníomhaireacht a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Bhí an próiseas seo i bhfeidhm don bhliain atá faoi athbhreithniú agus chomh fada leis an dáta a dhéantar an tuarascáil bhliantúil agus na cuntais a fhaomhadh, déanann an Bord an próiseas a athbhreithniú go rialta, agus tagann sé leis an treoir.

Rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach, agus go áirithe, d'athbhreithnigh agus d'uasdátaigh an Bord an próiseas, chun na rioscaí suntasacha a théann i bhfeidhm ar an ngnó a aithint agus a mheas, mar aon leis na beartais agus na nósanna imeachta trína ndéantar na rioscaí seo a bhainistiú. Neartaíodh é seo de bharr go ndeachthas le Cód Eitice, a cheadaigh an Bord, agus a sholáthraíonn treoir phraiticiúil don fhoireann go léir. Lena chois sin, tá beartais tacaíochta ag an nGníomhaireacht agus nósanna imeachta ann do na fostaithe chun gníomhaíochtaí, a mbeifí in amhras gur gníomhaíochtaí calaoiseacha iad, a thuairisciú agus a réiteach.

Is gnóthas airgeadais í an Ghníomhaireacht, agus mar sin, na bunrioscaí a bhaineann leis an ngnó, baineann siad go bunúsach le cúrsaí airgeadais (i.e. rioscaí ó thaobh creidmheasa, leachtachta agus an mhargaidh) agus le cúrsaí cistíochta. Tugtar níos mó sonraí ar na rioscaí sin i Nóta 15. D'fhorbair an Ghníomhaireacht próiseas bainistíochta rioscaí lena n-áirítear athbhreithnithe ráithiúla ar a punann iasachtaí agus airleacan, chomh maith le hathbhreithniú bliantúil ar rioscaí a bhaineann le cúrsaí cistíochta, rud a fhágann go mbíonn sí in ann na rioscaí seo a bhainistiú. Dearadh an próiseas seo chun a chinntiú, oiread agus is féidir, go mbíonn sócmhainní agus dliteanais na Gníomhaireachta ag teacht, ó thaobh maoiniúcháin de, le cineál agus fad na n-iasachtaí.

Turascáil na Stiúrthóirí (ar lean.)

Baineann riosca iarmharach go príomha le hiasachtaí ar rátaí seasta agus treoirnasctha, agus le gluaiseachtaí an ráta boilscithe. Déileáiltear leis seo trí bheartas um chúlchistí agus chorrailigh. Déanann an Gníomhaireacht athbhreithniú cuimsitheach bliantúil ar rioscaí, a ndéanann an Bord a fhaomhadh agus a dhéanann cuid dhílis de bheartas na Gníomhaireachta um rátaí úis agus chúlchistí i gcomhair blianta ina dhiaidh. Cuirtear an Bord ar an eolas ar bhonn ráithiúil maidir le dálaí nua agus déantar gníomhartha ceartaitheacha más gá.

Tugann an Gníomhaireacht iasachtaí d'údarais áitiúla. Meastar nach fiú le háireamh é riosca na haisíocaíochta os rud é gur le húdarais áitiúla atá an gaol dlíthiúil, agus ní bhraitheann an riosca ar athruithe ar phraghsanna tithe nó ar athruithe eacnamaíochta eile. Is é tuairim na Gníomhaireachta, toisc gurbh é an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil a cheadaigh gach iasacht dar tugadh ar airleacan tar éis 27 Bealtaine 1986, nach dtagann riosca ó thaobh creidmheasa chun cinn. Dlitear aon chaillteanais chreidmheasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn as siocair morgáistí a tugadh roimh 27 Bealtaine 1986 a chur ar an nGníomhaireacht má urraíodh iad leis an

mbunmhaoín atá faoi mhorgáiste agus árachas cosanta morgáiste. Cé gur frithpháirtithe leis na hiasachtaí seo na húdarais áitiúla, bíonn an Gníomhaireacht nochtaithe don bhunriosca do na hiasachtaí aonair. Coinníonn an t-údarás áitiúil comhthaobhacht i gcoinne iasachtaí a tugadh ar airleacan roimh 27 Bealtaine 1986 i bhfoirm leasanna morgáistí ar mhaoín agus ní bhíonn an Gníomhaireacht faoi dhliteanas ach amháin sa chás nach leor an chomhthaobhacht sin leis an bhfiachas a scaoileadh.

Tuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach don Bhord thar cheann na Bainisteoireachta freisin maidir le hathruithe suntasacha sa timpeallacht ghnó agus sa timpeallacht sheachtrach, a théann i bhfeidhm ar rioscaí. Soláthraítear faisnéis ráithiúil don Bhord. Sa chás go n-aithnítear réimsí infheabhsaithe sa chóras, breithníonn an Bord na moltaí arna ndéanamh ag mBainisteoireacht agus ag an gCoiste Iniúcháireachta.

Bíonn na Stiúrthóirí freagrach as córas um rialú inmheánach a choinneáil ar bun a sholáthraíonn deimhniú réasúnta i dtaobh oibriúcháin éifeachtach

éifeachtúil, i dtaobh na rialaithe inmheánaigh airgeadais, agus go bhfuil dlíthe agus rialacháin á gcomhlíonadh. Sa chomhthéacs seo, tugann na Stiúrthóirí aird ar na nithe a oireann, dar leo, do ghnó na Gníomhaireachta, d'ábharthacht na rioscaí airgeadais a bhíonn de dhlúth agus d'inneach an ghnó, agus do na costais agus na sochair choibhneasta i dtaca le sainrialuithe a chur i ngníomh.

Dearadh córas um rialú inmheánach na Gníomhaireachta chun deimhniú réasúnta, ach ní deimhniú absalóideach, a sholáthar in aghaidh an riosca go dtarlódh earráidí ábhartha, calaois nó caillteanais. Is féidir go mbeadh duine in ann teacht timpeall ar rialuithe inmheánacha, nó iad a sháru.

I rith 2009, mhéadaigh an Gníomhaireacht clár a Nótaí faoi Ráthaíocht go dtí €3,750 milliún (ó €700 milliún) sa chaoi is go gcuirfí ar chumas na Gníomhaireachta nótaí Páipéir Eurothrachtála (*ECP*) a bhí ag teacht in aibíocht a mhaoiniú i gcás nach mbeadh margadh na *ECPeanna* chomh fáilteach is a bhí roimhe seo. Méadaíodh teorainn iasachtaíochta reachtúil na Gníomhaireachta freisin, ó €6 billiún go dtí €10 billiún. Ba cheart go gclúdódh na méaduithe sin an ghníomhaíocht a mheastar a bheidh ar siúl amach anseo a bheag nó a mhór.

Tá struchtúr eagrúcháin bunaithe ag na Stiúrthóirí lena ngabhann sainfhreagracht as an rialú inmheánach le haghaidh gach comhchuid de ghnó na Gníomhaireachta agus déanann an Príomhfheidhmeannach é sin a admháil go foirmiúil uair sa bhliain, i dteannta leis an bhfreagracht ghaolmhar as athbhreithniú a dhéanamh go tréimhsiúil ar éifeachtacht rialú inmheánach den sórt sin.

Is mar seo a leanas atá comhchodanna buntábhachtacha an chórais um rialú inmheánach:

- struchtúr eagraíochta atá sainmhínithe go soiléir agus lena ndéantar dualgais agus teorainneacha údarais a idirdhealú óna chéile go cuí;
- rialuithe airgeadais inmheánacha a gcuirtear síos orthu i Lámhleabhar um Bheartais agus Nósanna Imeachta atá ceadaithe ag an mBord;
- teorainneacha agus nósanna imeachta atá sainmhínithe go soiléir le haghaidh caiteachais airgeadais lena n-áirítear cúrsaí soláthair agus caiteachas caipitil;

Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean.)

- (d) buiséid bhliantúla agus pleananna fadtéarmacha don Gníomhaireacht lena sainítear rioscaí agus deiseanna buntábhachtacha;
- (e) cuntais bhainistíochta mhíosúla a ullmhaítear agus a gcuirtear i láthair an Bhoird;
- (f) déanann iniúcháir inmheánach athbhreithniú ar chórais agus ar rialuithe buntábhachtacha airgeadais;
- (g) pléann coiste iniúcháireachta le ceisteanna suntasacha a tharraingítear anuas in iniúcháireacht inmheánach nó sheachtrach.

Tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach don bhliain airgeadais agus chomh fada leis an dáta a ceadaíodh na ráitis, agus bhreithnigh siad na príomhrioscaí gnó agus an timpeallacht um rialú.

Ráiteas um Chomhlíonadh an Chóid

Roghnaigh an Gníomhaireacht Comhchód 2006 um Rialachas Corparáideach a d'eisigh an Chomhairle Tuairisceoireachta Airgeadais a chomhlíonadh, oiread agus is féidir i bhfianaise chúinsí sonracha na Gníomhaireachta, mar chuid den bheartas atá aici a dícheall a dhéanamh leis an gcleachtas is fearr a leanúint i gcursaí rialachais chorpóraidigh.

Tá áthas ar na Stiúrthóirí a thuairisciú gur chomhlíon an Gníomhaireacht Comhchód 2008 agus an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (arna athbhreithniú agus arna uasdátú in 2009) i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2009, cé is moite de na hábhair seo a leanas.

Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin neamhspleách sinsearach

Breithníodh an cheist ar chóir comhalta sinsearach aitheanta den Bhord, seachas an Cathaoirleach, a ainmniú le go bhféadfaí buairimh a chur faoina b(h)fráid, agus i bhfianaise an bealach a cheaptar Stiúrthóirí, agus i bhfianaise an struchtúir scairsheilbhe agus nósanna imeachta reatha an Bhoird chomh maith, thángthas ar an gconclúid nach bhfuil a leithéid oiriúnach agus cúrsaí mar atá faoi láthair.

Coiste na nAinmniúchán agus nósanna imeachta le haghaidh toghcháin agus atoghcháin

Ceapann an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus bíonn siad sa phost ar feadh cibé tréimhse a shainíonn an tAire agus an ceapachán á dheanamh ach ní ar feadh tréimhse is faide ná cúig bliana agus dá thoradh sin, níl feidhm ag na forálacha sin den Chód maidir leis an nGníomhaireacht.

Luach saothair Stiúrthóirí

Cinneann an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil leibhéal luach saothair na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin. Socraítear luach saothair an Príomhfheidhmeannaigh de réir na dtreoirilínte reatha le haghaidh pá sa tSeirbhís Phoiblí. Ní bhíonn luach saothair Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin nasctha le feidhmíocht agus nochtáitear i dtoll a chéile é do gach Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin mar tháillí i nóta 6 a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Molann an Coiste um Luach Saothair moltaí i ndáil le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh go mbreithneoidh an Bord iad, ach níor tionóladh an Coiste um Luach Saothair sa bhliain reatha.

Iniúcháireacht inmheánach

Mar gheall ar mhéid na Gníomhaireachta agus ar a bhfuil i gceist léi, níl feidhm na hIniúcháireachta Inmheánaí saor ó fhreagracht oibriúcháin; ach tá na Stiúrthóirí sásta go dtugtar leibhéal leordhóthaineach neamhspleáchais d'fheidhm na hiniúcháireachta inmheánaí chun ligean di a cuid dualgas a chomhlíonadh ar bhealach oibiachtúil atá sách neamhspleách.

5. Gnóthas Leantach

Leagtar amach gníomhaíochtaí gnó na Gníomhaireachta, in éineacht leis na fachtóirí is dócha a rachaidh i bhfeidhm ar fhorbairt, ar fheidhmíocht agus ar staid na Gníomhaireachta amach anseo, i dTuarascáil an Chathaoirleach ar leathanaigh 4 go dtí 9. Lena chois sin, tugtar cuntas mionsonraithe i nóta 15 a ghabhann leis na ráitis airgeadais ar chuspóirí na Gníomhaireachta maidir le rioscaí airgeadais a bhainistiú; chomh maith le mionsonraí ar a hionstraimí airgeadais agus gníomhaíochtaí fáilúcháin; agus ar na bealaí a bhfuil an Gníomhaireacht nochta

Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean.)

do rioscaí ó thaobh creidmheasa, leachtachta, an mhargaidh agus rátaí úis.

Creideann na Stiúrthóirí go bhfuil an Gníomhaireacht i riocht maith lena rioscaí gnó a bhainistiú go rathúil in aineoinn na neamhchinnteachta reatha maidir le cúrsaí geilleagair amach anseo, agus le corrlaigh leordhóthaineacha a ghiniúint chun a cuid costas a chlúdach chomh maith leis na rioscaí atá aitheanta.

Tugann Alt 17 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002 agus alt 19 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2002 de chumhacht don Gníomhaireacht iarraidh ar Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) iasachtaí a fháil agus fiacha a bhainistiú thar ceann na Gníomhaireachta. Faoi théarmaí comhaontú foirmiúil idir an GBCN agus an Gníomhaireacht, cinneann an Gníomhaireacht an beartas ginearálta faoina dtarlóidh an maoiniú a dhéanann an GBCN, in éineacht leis na hionstraimí cuí fiachais. Gníomhaíonn an Gníomhaireacht agus í i ndlúthchomhairliúchán le GBCN, agus ar a comhairle siúd, maidir lena hoibriúcháin ó thaobh an chláir pháipéir Eurothrachtála. I mí na Nollag 2009, méadaiodh teorainn iasachtaíochta reachtúil na Gníomhaireachta ó €6 billiún go dtí €10 billiún, rud a fhágfaidh gur mó bealaí a bheidh ag an nGníomhaireacht le teacht ar mhaoiniúchán.

Tar éis fiosruithe a dhéanamh, tá údar réasúnach ag na Stiúrthóirí le bheith ag súil go bhfuil dóthain acmhainní ag an nGníomhaireacht chun leanúint ar aghaidh le bheith ag feidhmiú as seo ar aghaidh chomh fada agus is féidir a fheiceáil. Dá réir sin, leanann siad ar aghaidh le bheith ag glacadh le bonn an ghnóthais leantaigh agus an Tuarascáil Bhlíantúil agus na Cuntais á n-ullmhú acu.

6. Stiúrthóirí

Níl aon leas ag na Stiúrthóirí nó ag an Rúnaí i scaireanna nó i mbintíúir na Gníomhaireachta.

7. Conarthaí

Ní raibh aon chonradh nó socrú leis an nGníomhaireacht i rith na bliana a raibh leas ábhartha ag Stiúrthóir de chuid na Gníomhaireachta ann agus a bhí suntasach i ndáil le gnó na Gníomhaireachta.

8. Imeachtaí i ndiaidh an chláir chomhardaithe

Níor tharla aon imeachtaí suntasacha ó dheireadh na bliana a d'fhágadh go gcaithfí na ráitis airgeadais a mhionathrú nó nóta a chur leo.

9. An tAcht Toghcháin, 1997

Níor thug an Gníomhaireacht aon síntiúis pholaitíochta i rith na bliana.

10. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála)

Ceanglaítear ar an nGníomhaireacht forálacha Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall i leith Idirbhearta Tráchtála), 2002 a chomhlíonadh, agus mar an gcéanna i gcás an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 a bhí ann roimhe sin, ("Na Rialacháin" a thugtar orthu le chéile). Taispeánann athbhreithniú a rinneadh ar na híocaíochtaí go léir i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2009 nach ndearnadh aon íocaíochtaí déanacha i rith 2009 faoin Acht thuas.

11. Sláinte agus sábháilteacht fostaithe

Déantar dea-bhail fhostaithe na Gníomhaireachta a chosaint trí na caighdeáin sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh go beacht. Faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, forchuirtear dualgais áirithe ar fhostóirí agus tá na bearta is gá déanta ag an nGníomhaireacht chun a chinntiú go gcomhlíonfar an tAcht, lena n-áirítear a bheith ag dul le ráiteas sábháilteachta, a ndéanann na Stiúrthóirí athbhreithniú air gach bliain.

Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean.)

12. *Taifid Chuntasaíochta*

Creideann na Stiúrthóirí gur chomhlíon siad forálacha alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 maidir leis na leabhair chuntais trí phearsanra cuntasaíochta a fhostú a bhfuil saineolas cuí acu, agus trí leordhóthain acmhainní a sholáthar d'fheidhm an airgeadais. Coimeádtar leabhair chuntais na cuideachta ag a hoifig chláraithe.

13. *Iniúcháirí*

De réir Alt 160 (2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963, leanfaidh na hiniúcháirí, KPMG, Cuntasóirí Cairte, ar aghaidh le bheith in oifig.

Thar cheann an Bhoird,



John Bolger
Cathaoirleach
25 Márta 2010



Ian d'Alton
Príomhfheidhmeannach
25 Márta 2010



CAIBIDIL A TRÍ

Ráiteas um freagrachtaí na stiúrthóirí

Bíonn na Stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, de réir na ndlithe agus na rialachán is infheidhme.

Ceanglaíonn dlí na gcuideachtaí ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin roghnaigh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar go Coitianta Leis in Éirinn, ina gcuimsítear an dlí is infheidhme agus na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

De réir an dlí, ní foláir do ráitis airgeadais na Gníomhaireachta léargas fíor cóthrom a thabhairt ar ghnóthaí na cuideachta agus ar an mbrabús nó ar an gcaillteanas don bhliain sin.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus ansin iad a fheidhmiú ar bhealach comhleanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bheidh réasúnach críonna; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás go mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Gníomhaireacht ar aghaidh i mbun gnó.



Ráiteas um freagrachtaí na stiúrthóirí (ar lean.)

Bíonn na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád a nochtáíonn le cruinneas réasúnach ag am ar bith staid airgeadais na Gníomhaireachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann a ráitis airgeadais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Bíonn siad freagrach freisin as gach beart is féidir leo a dhéanamh le réasún a dhéanamh chun sócmhainní na cuideachta a chosaint agus chun teacht roimh chalaíochais agus mhírialtachtaí eile agus iad a bhrath.

Bíonn na Stiúrthóirí freagrach freisin as Tuarascáil Stiúrthóirí a ullmhú a chomhlíonfaidh ceanglais Achtanna na gCuideachtaí.

Thar cheann an Bhoird,

John Bolger
Cathaoirleach
25 Márta 2010

Ian d'Alton
Príomhfheidhmeannach
25 Márta 2010



CAIBIDIL A CEATHAIR

Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleáigh do chomhaltaí na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta cpt

Tá iniúcháireacht déanta againn ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta cpt don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 ina gcuimsítear an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe, ráiteas i leith na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta iomlán, ráiteas um shreabhadh airgid agus nótaí gaolmhara. Tá na ráitis airgeadais seo ullmhaithe ar bhunús na bpolasaithe cuntasáíochta atá leagtha amach iontu.

Tá an tuarascáil seo á déanamh do chomhaltaí na Gníomhaireachta amháin, de réir alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. Rinneadh ár n-obair iniúcháireachta ionas go mbeimis in ann a chur in iúl do chomhaltaí na Gníomhaireachta na nithe sin is gá dúinn a rá leo i dtuarascáil iniúcháir agus ní chun aon chríoch ar bith eile. A mhéid is a cheadaítear leis an dlí, ní ghlacaimid nó ní ghabhaimid orainn féin freagracht d'aon duine seachas an Gníomhaireacht agus comhaltaí na Gníomhaireachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúcháireachta, as an tuarascáil seo nó as na tuairimí atá déanta againn.

Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleáigh do chomhaltaí na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta cpt (ar lean.)

Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus an Iniúcháir Neamhspleáigh faoi seach

Sa Ráiteas um Freagrachtaí Stiúrthóirí ar leathanach 20, leagtar amach freagrachtaí na Stiúrthóirí as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí is infheidhme agus na gcaighdeán cuntasáíochta a d'eisigh Bord na gCaighdeán Cuntasáíochta agus a d'fhógair Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasáíochta a nGlactar go Coitianta Leo in Éirinn).

Is í ár bhfreagracht iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na gceanglas iomchuí dlíthiúla agus rialaitheacha agus de réir na gCaighdeán Iniúcháireachta Idirnáisiúnta (sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn).

Tuairiscímid daoibh ár dtuairim maidir le cé acu an dtugann na ráitis airgeadais léiriú fíor cothrom agus ar ullmhaíodh i gceart iad de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009. Tuairiscímid daoibh freisin cé acu, dar linn: ar choimeád an Ghníomhaireacht leabhair chuntais chuí; an raibh ar dháta an chláir chomhardaithe, cás ó thaobh cúrsaí airgeadais ann a d'éileodh cruinniú ginearálta urghnách den Ghníomhaireacht a ghairm; agus an dtagann an fhianaise a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais. Lena chois sin, deirimid an bhfuairéamar an t-eolas agus na míniúcháin go léir a theastaigh uainn le haghaidh ár n-iniúcháireachta, agus cé acu an n-aontaíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscímid daoibh freisin mura nochtaítear, dar linn, aon fhaisnéis a shainítear leis an dlí maidir le luach saothair Stiúrthóirí agus idirbhearta Stiúrthóirí agus, sa chás gurb indéanta, cuirfimid faisnéis den sórt sin san áireamh inár dtuarascáil.

Athbhreithnímid cé acu an léirítear sa ráiteas maidir leis an gcóras um rialú airgeadais inmheánach, arna éileamh le Cód Cleachtais 2009 um Rialachas Comhlachtaí Stáit [arna dhéanamh sa Ráiteas um Rialachas Corparáideach] ar leathanaigh 12 go 17, gur chomhlíon an Ghníomhaireacht forálacha ábhartha an Chóid agus tuairiscímid mura léirítear amhlaidh. Athbhreithnímid freisin, ar iarratas an Bhoird, cé acu an léirítear sa Ráiteas um Rialachas Corparáideach ar leathanaigh 12 go 17 gur chomhlíon an Ghníomhaireacht naoi bhforáil Chomhchód 2006 na Comhairle Tuairisceoireachta Airgeadais um Rialachas Corparáideach, ar sonraíodh iad a bheith le hathbhreithniú ag iniúcháirí, agus tuairiscímid mura léirítear amhlaidh. Ní cheanglaítear orainn a bhreithniú an gclúdaítear gach riosca agus rialú i ráitis an Bhoird maidir leis an rialú inmheánach ná ní cheanglaítear orainn tuairim a thabhairt ar éifeachtacht nósanna imeachta na Gníomhaireachta um rialachas corparáideach nó ar a nósanna imeachta um rioscaí agus rialú.

Léamar an fhaisnéis eile atá sa tuarascáil bhliantúil agus breithnímid an dtagann sí leis na ráitis airgeadais iniúchta. Ní chuimsítear san fhaisnéis eile ach tuarascáil na Stiúrthóirí agus tuarascáil an Chathaoirigh. Rinneamar breithniú ar an tionchar a bheidh ag ár dtuarascáil má thagaimid ar aon mhír áitis nó aon neamhrialtachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais. Ní leathnóidh ár gcuid freagrachtaí chuig aon fhaisnéis eile.

Bunús Thuairim an Iniúchta

Stiúireamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúchta Idirnáisiúnta (sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn). Áirítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus an

Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleáigh do chomhaltaí na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta cpt (ar lean.)

nochtadh sna ráitis airgeadais. Clúdaítear freisin measúnú ar na meastacháin shuntasacha agus ar na breithiúnais shuntasacha atá déanta ag na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus meastar cé acu an n-oireann na beartais chuntasaíochta do dhálaí na cuideachta, agus an bhfuil siad á bhfeidhmiú go comhleanúnach agus á bhfaisnéisiú go sásúil.

Phleanálar agus rinneamar ár n-iniúchadh ionas go bhfaighimis an fhaisnéis agus na mínithe a mheasamar a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a sholáthar dúinn chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó aon neamhrialtachta eile nó earráid. Agus muid ag teacht ar thuairim, rinneamar meastóireacht ar chomh sásúil ar an iomlán agus a bhí cur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Is í ár dtuairim:

- go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor cothrom, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar go Coitianta Leis in Éirinn, ar an staid ina raibh gnóthaí na Gníomhaireachta ar 31 Nollaig 2009 agus ar a barrachas de thoradh a cuid oibríochtaí don bhliain dar críoch sin; agus

- gur ullmhaíodh na ráitis i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir ba ghá dar linn chun críocha ár n-iniúcháireachta. Is í ár dtuairim gur choimeád an Gníomhaireacht leabhair chuntais chuí. Tá ráitis airgeadais na Gníomhaireachta ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is í ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí agus i dTuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Mar a shonraítear sa chlár comhardaithe, is mó glansóc-mhainní na Gníomhaireachta ná leathshuim a scairchaipitil ghlaoite, agus is í ár dtuairim, ar an mbonn sin, nach raibh ar 31 Nollaig 2009 staid ann ó thaobh cúrsaí airgeadais a d'fhágfadh, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, go gcaithfí cruinniú ginearálta urghnách den Gníomhaireacht a ghairm.


KPMG

KPMG

Cuntasóirí Cairte

Iniúcháir Cláraithe

25 Márta 2010



CAIBIDIL A CÚIG

Ráiteas um beartais chuntasaíochta

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm ar bhealach comhleanúnach i dtaca le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais na Gníomhaireachta.

An bonn ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin go luaitear, ag luach cothrom i leith an riosca atá fálaíthe, na sócmhainní airgeadais agus na dliteanais airgeadais atá fálaíthe. Déantar gach ionstraim dhíorthach a thomhas ar luach cothrom.

Comhlíonann na ráitis airgeadais an cleachtas cuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn, lena gclúdaítear cúrsaí maidir le dlí na hÉireann agus Caighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais (“FRS”) Bhord na gCaighdeán Cuntasaíochta, faoi mar a d’fhógair Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn iad. Na beartais chuntasaíochta a leagtar amach thíos, cuireadh i bhfeidhm iad ar bhealach comhleanúnach i leith gach tréimhse dá gcuirtear i láthair sna ráitis airgeadais seo.

Airgeadra feidhmiúil agus láithreoireachta

Cuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair in Euro, airgeadra feidhmiúil na Gníomhaireachta. Mura ndeirtear a mhalairt, slánaíodh an fhaisnéis airgeadais a chuirtear i láthair in Euro chuig an míle is cóngaraí.

Ráiteas um beartais chuntasaíochta (ar lean.)

Úsáid as meastacháin agus breitheanna

Le linn na Ráitis Airgeadais a bheith á n-ullmhú, bíonn ar an mbainisteoireacht breitheanna agus meastacháin a dheanamh chomh maith le talamh slán a dhéanamh de nithe áirithe a bheith amhlaidh, agus téann sé sin ar fad i bhfeidhm ar an mbealach a chuirtear beartais chuntasaíochta i bhfeidhm, agus i bhfeidhm ar shuimeanna na sócmhainní, na ndliteanas, an ioncain agus na speansas a thuairiscítear freisin.

Déantar athbhreithniú ar na meastacháin agus ar na boinn tuisceana bunúsacha ar bhonn leanúnach. Aithnítear athbhreithnithe ar mheastacháin chuntasaíochta sa tréimhse ina ndéantar an meastachán a athbhreithniú agus in aon tréimhsí amach anseo a dtéann na hathbhreithnithe i bhfeidhm orthu.

Caillteanas de bharr iasachtaí agus airleacan a bheith lagaithe

Tugann an Ghníomhaireacht iasachtaí do na húdaráis áitiúla. I gcás go mbeidh riosca ann nach bhfaighidh an Ghníomhaireacht aisíocaíocht iomlán sa tsuim a tugadh ar airleacan, déantar socruithe sna ráitis airgeadais chun luach iompair na n-iasachtaí agus na n-airleacan a laghdú le teacht leis an tsuim lena bhfuiltear ag súil a aisghabháil.

Sochair d'Fhostaithe

Feidhmíonn an Ghníomhaireacht scéim pinsin le sochair shainithe lena gclúdaítear na buanfhostaithe go léir, ríomhtar luach achtúireachta shócmhainní agus dhliteanas na scéime. Déantar an bealach a fhásfaidh na sochair agus na dliteanas amach anseo a shamhlú mar chuid de sin agus is gá iad a bhainistiú, le comhairle ó achtúire seachtrach, chun toimhdí a dhéanamh maidir le boillsíu praghasanna, méaduithe ar thuarastail agus ar phinsin, fáiltas ar infheistíochtaí agus fostaithe a bheith ag fáil bháis. Tá raoin inghlactha ann ina dtéann na meastacháin sin go bailí. D'fhéadfadh an tionchar ar na torthaí don tréimhse agus an tionchar ar an riocht ó thaobh cúrsaí airgeadais a bheith difriúil, go hábhartha, dá n-úsáidfí toimhdí malartacha. Tá tuilleadh mionsonraí nochtaithe i Nóta 23.

Ionstraimí um luach cothrom a chinneadh

Déantar luacháil chothrom ar na hionstraimí airgeadais ar an gclár comhardaithe. Is é praghas inbhraite margaidh i margadh gníomhach an fhianaise is fearr ar luach cothrom. Úsáideann an bhainisteoireacht praghasanna gníomhacha an mhargaidh chun díorthaigh a luacháil.

Má bhíonn praghasanna luaite in easnamh, méadaítear a mhéad is a bhítear ag brath ar theicnící luachála lena gcaithfidh duine a bhreithiúnas a úsáid. Mar chuid den bhreithiúnas sin, cinntear na sreabhaí airgid thirim, aithnítear ráta lascaire a bheidh saor ó riosca agus feidhmítear spré creidmheasa. Bíonn gach teicníc luachála dá bhfeidhmítear bunaithe ar shonraí inbhraite ón margadh agus bíonn na teicnící faoi réir a n-athbhreithnithe agus a gceadaithe.

Sócmhainní agus dliteanas airgeadais

Á n-Aithint

Aithníonn an Ghníomhaireacht iasachtaí agus airleacain, éarlaisí, urrúis fiachais a eisítear agus bannaí Treoirneasctha ar an dáta a dtionscnaítear iad.

Á ndí-aithint

Dí-aithníonn an Ghníomhaireacht sócmhainn airgeadais nuair a théann na cearta conartha ar na sreabhaí airgid thirim ón tsócmhainn in éag, nó aistríonn an Ghníomhaireacht na cearta, ar na sreabhaí airgid thirim conartha ón tsócmhainn airgeadais a fháil, in idirbheart ina n-aistrítear na rioscaí agus an luach saothair uile, nach mór, a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne airgeadais. Aithnítear aon ús i sócmhainní airgeadais a aistríodh, ar ús é atá cruthaithe nó coinnithe ag an nGníomhaireacht, mar shócmhainn nó dliteanas ar leithligh.

Dí-aithníonn an Ghníomhaireacht dliteanas airgeadais nuair a urscaoiltear nó nuair a chealaítear a hoibleagáidí conartha nó nuair a théann siad in éag.

Déanann an Ghníomhaireacht idirbhearta lena n-aistríonn sí sócmhainní atá aitheanta ar a clár comhardaithe, ach coinníonn sí idir na rioscaí ar fad agus an luach

Ráiteas um beartaí chuntasíochta (ar lean.)

saothair ar fad a bhaineann leis na sócmhainní aistrithe nó sciar díobh. Má choinnítear na rioscaí agus an luach saothair ar fad, nó a bhformhór, ní dhí-aithnítear na sócmhainní aistrithe ón gclár comhardaithe ansin.

Á bhfritháireamh

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh agus cuirtear an ghlanuim i láthair sa chlár comhardaithe nuair, agus sa chás seo amháin, go mbíonn ceart dlíthiúil ag an nGníomhaireacht na suimeanna a fhritháireamh agus go mbeartaíonn an Ghníomhaireacht an tsócmhainn a shocrú ar bhonn glansuime nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Cuirtear ioncam agus speansais i láthair ar bhonn glansuime nuair a bhíonn sé sin i gceist ag an nGníomhaireacht agus é ar a cumas amhlaidh a dhéanamh.

An costas amúchta á thomhas

Is éard is costas amúchta ar shócmhainn nó ar dhliteanais airgeadais ann ná an tsuim ag a dtomhaistear an tsócmhainn nó an dliteanas airgeadais nuair a aithnítear ar dtús é, lúide aisíocaíochtaí i leith na príomhshuime, móide nó lúide an amúchadh carnach, agus úsáid á baint as modh an ráta éifeachtaigh úis d'aon difríocht idir an tsuim bhunaidh a aithníodh agus an tsuim nuair bheidh sé aibithe, lúide aon laghdú le haghaidh lagú.

An luach cothrom á thomhas

Bíonn an próiseas le luachanna cothroma sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais a chinneadh bunaithe ar phraghasanna luaite an mhargaidh nó ar luachana ó dhéileálaithe le haghaidh ionstraimí airgeadais arna dtrádáil i margaí gníomhacha. Bíonn luach luaite an mhargaidh bunaithe ar phraghasanna tairiscintí, sa chás go mbíonn fáil orthu. Le haghaidh gach ionstraim airgeadais eile, cinntear luach cothrom trí úsáid a bhaint as teicnící luachála. Le haghaidh urrús nach mbíonn luachana ón margadh ar fáil dóibh, úsáideann an Ghníomhaireacht teicnící meastacháin chun an luach cothrom a chinneadh. Úsáidtear iad seo a leanas mar theicnící meastacháin: sreabhaí airgid thirim lascainithe, samhlacha inmheánacha lena mbaintear leas

as sonraí inbhraite ón margadh nó as comparáidí le hurrúis eile atá mórán mar an gcéanna.

Iasachtaí agus infhaighteachtaí

Sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha is ea iasachtaí agus infhaighteachtaí lena ngabhann íocaíochtaí seasta nó ar féidir a dhéanamh amach nach luaitear i margadh gníomhach agus nach mbíonn faoin nGníomhaireacht a dhíol láithreach nó sa ghearrthéarma.

Déantar iasachtaí agus infhaighteachtaí a thomhas ar dtús ar luach cothrom na comaoine a fuarthas agus coinnítear ina dhiaidh sin iad ar chostas amúchta lúide soláthair le haghaidh an lagaithe. Aithnítear ioncam ar iasachtaí agus ar infhaighteachtaí ar bhonn an ráta úis is éifeachtach.

Lagú a aithint agus a thomhas

Tráth gach cláir chomhardaithe, measúnaíonn an Ghníomhaireacht cé acu an bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil sócmhainní airgeadais, nach n-iompraítear ar luach cothrom trí bhrabús nó trí chaillteanas, lagaithe. Lagaítear sócmhainní airgeadais nuair a léirítear le fianaise oibiachtúil go bhfuil lagú tar éis tarlú tar éis don tsócmhainn a bheith aitheanta ar dtús, agus gur féidir a mheas, go hiontaofa, an tionchar a bheidh ag an lagú ar shreabhaí airgid thirim ón tsócmhainn amach anseo.

Breithníonn an Ghníomhaireacht fianaise maidir le lagú i leith sócmhainní sonracha agus i leith sócmhainní mar ghrúpa. Déantar gach sócmhainn airgeadais atá suntasach inti féin a mheasúnú le féachaint an mbaineann lagú sonrach léi. Déantar gach sócmhainn shuntasach nach bhfaightear a bheith lagaithe go sonrach a mheasúnú le chéile mar ghrúpa ansin le féachaint ar tabhaíodh aon lagú nár tuairiscíodh go fóill. Déantar sócmhainní nach bhfuil suntasach iontu féin a mheasúnú le chéile mar ghrúpa ansin le féachaint an bhfuil lagú tarlaithe trí shócmhainní airgeadais (arna n-iompar ar chostas amúchta) lena mbaineann tréithe comhchosúla ó thaobh rioscaí, a chur i ngrúpa le chéile. Déantar caillteanais de bharr lagú ar shócmhainní arna n-iompar ar chostas amúchta a thomhas mar an difríocht idir luach iompair na sócmhainní airgeadais

Ráiteas um beartais chuntasaíochta (ar lean.)

agus luach reatha na sreabhaí airgid thirim measta arna lascainiú de réir an ráta úis ab éifeachtach i leith na sócmhainní ar dtús. Aithnítear caillteanais sa bhrabús nó sna caillteanais agus léirítear iad i gcuntas na liúntas i gcoinne iasachtaí agus airleacan.

Leantar ar aghaidh le hús ar an tsócmhainn lagaithe a aithint tríd an ráta lascaine a scaoileadh.

Déantar ní a dhíscríobh nuair a mheastar nach féidir gach cuid d'éileamh nó cuid d'éileamh a bhailiú nó nuair a dhéantar gach cuid de nó cuid de a mhaitheamh. Cuirtear nithe díscríofa de mhuirear i gcoinne soláthairtí a bunaíodh roimhe le haghaidh nithe lagaithe nó cuirtear de mhuirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais go díreach iad.

Díorthaigh agus fálú

Faoin gcuntasaíocht fhálaithe, is féidir ionstraim airgeadais amháin, díorthach de ghnáth amhail comhaontú ar ráta ar aghaidh, a ainmniú mar fhál d'ionstraim airgeadais eile ar nós urrús i leith iasachta nó fiachais. Ag tús na gaolmhaireachta fálaithe, déantar doiciméadachas foirmiúil a dhréachtadh ina sainítear straitéis fhálaithe, idirbhearta na gcomhchodanna agus an mhodheolaíocht a úsáidfear chun éifeachtacht a thomhas.

Aithnítear díorthaigh ar dtús ar luach cothrom ar dhátaí déanta na gconarthaí, agus rangáítear iad ina dhiaidh sin mar shócmhainní airgeadais nó mar dhliteanais airgeadais a ainmnítear mar ionstraimí fálaithe. Sa chás go mbíonn luach cothrom díorthaigh dearfach, déantar é a iompar mar shócmhainn dhíorthach, agus sa chás go mbíonn an luach diúltach, mar dhliteanas díorthach. An ghnóthachan nó an chailliúint arna atomhas de réir luach cothrom ar dháta an chláir chomhardaithe, tógtar é sin go dtí cúlchiste fálaithe um shreabhadh airgid thirim a oiread is a mheastar an gaol fálaithe a bheith éifeachtach.

Is ar bhonn leanúnach a dhéantar monatóireacht ar éifeachtacht an fhálaithe. Leantar leis an gcuntasaíocht fhálaithe a fheidhmiú má bhíonn comhchoibhneas laistigh de raon de 80% agus 125% ag gabháil leis an athrú ar luach cothrom an fháil agus an réid fhálaithe don tréimhse ó tástáladh an éifeachtacht den uair dheiridh nó go carnach ón tús.

Úsáideann an Ghníomhaireacht fálú sreafa airgid chun fálú a dhéanamh ar an riosca go dtarlóidh athruithe i sreabhaí airgid ar féidir a chur síos d'athruithe i rátaí malairte airgeadra eachtraigh i gcás na hionstraime bunúsaí (e.g. urrús fiachais), a fhreagraíonn do shreabhaí airgid réad fálaithe in aghaidh shreabhadh airgid comhfhreagrach an díorthaigh fhálaithe. Aithnítear an chuid éifeachtach d'aon ghnóthachan nó chaillteanas i leith an díorthaigh go díreach i gcothromas agus tugtar cuntas sa réad fálaithe de réir an bheartais i gcomhair na hionstraime airgeadais sin. Aithnítear aon chuid neamhéifeachtach d'aon ghnóthachan nó chaillteanas láithreach sa chuntas ioncaim agus caiteachais. An tsuim a chuirtear siar i gcúlchistí, fanfaidh sí i gcothromas go dtarlóidh na sreabhaí airgid thirim ainmnithe agus aithneofar an tsuim sin sa chuntas ioncaim agus caiteachais agus ag an am a aithnítear, sa chuntas ioncaim agus caiteachais, an difríocht i malartú an airgeadra eachtraigh i leith an réid fhálaithe.

Mura mbítear ag súil a thuilleadh go dtarlóidh na sreabhaí airgid thirim fálaithe nó nach mbíonn an fálú éifeachtach a thuilleadh, nó má socraítear a dhíorthach fálaithe go luath, nó má fhoirceannantar é, aithnítear an tsuim atá curtha siar i gcúlchistí sa chuntas ioncaim agus caillteanais láithreach ansin.

Airgead tirim agus a chómhaith

Is éard a bhíonn in airgead tirim agus a chómhaith ná airgead tirim sa bhanc agus ar láimh agus infheistíochtaí gearrthéarmacha ar nótaí gealltanais nó páipéar tráchtála go príomha iad, a bhíonn iníoctha faoi cheann trí mhí nó níos lú agus arb éasca suim airgid thirim is eol a dhéanamh díobh agus lena mbaineann riosca fíorbheag go n-athrófar a luach. Aithnítear ioncam ó infheistíochtaí dá leithéid ar bhonn úis éifeachtaigh thar an tréimhse go dtí go mbeidh tráth na haibíochta tagtha.

Sócmhainní seasta inláimhsithe agus luachlaghdú

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ar a gcostas lúide luachlaghdú carntha agus aon lagú. Is mar seo a leanas a ríomhtar an muirear le haghaidh an luachlaghdaithe sa chaoi is go ndíscríobhfar an costas bunaidh

Ráiteas um beartaí chuntasaíochta (ar lean.)

lúide luach iarmharach gach sócmhainne seasta thar an tréimhse a bhfuiltear ag súil go mbeidh úsáid leis:

Trealamh ríomhaireachta	líne dhíreach thar 3 bliana
Trealamh eile	líne dhíreach thar 5 bliana

Déantar athbhreithniú go tréimhsiúil ar mheastacháin ar an tréimhse a bhfuiltear ag súil go mbeidh úsáid leis. Sa chás gur gá, déantar soláthar freisin le haghaidh lagú ar bith ar shócmhainní seasta inláimhsithe. Déantar athbhreithniú ag gach dáta tuairisceoireachta ar luach iompair na sócmhainní seasta inláimhsithe lena dhéanamh amach cé acu an dtugann aon ní le fios go bhfuil lagú ann. Má bhíonn comhartha den sórt sin ann, déantar an tsócmhainn a thástáil le féachaint an bhfuil sé lagaithe trí comparáid a dhéanamh idir an luach iompair agus an luach ar féidir a aisghabháil, cé acu ceann is airde den tsuim ar féidir a fháil ach an tsócmhainn a dhól nó an tsócmhainn a úsáid. Aithnítear caillteanais de bharr lagaithe sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Ráta Éifeachtach Úis

Aithnítear ús atá infhaighte agus iníoctha ar ionstraimí airgeadais arna rangú mar iasachtaí agus airleacain, agus ar dhliteanais airgeadais ar chostas amúchta, ar bhonn ráta éifeachtach úis. Cuireann an ríomhaireacht seo ús an chuntais a fuarthas nó a íocadh san áireamh, chomh maith le táillí agus coimisiúin a íocadh nó a fuarthas atá ina ndlúthchuid den fháltas chomh maith le costais incriminteacha na n-idirbheart. Nuair a ceapadh an banna treoirnasctha, measadh go raibh dlúthghaol ag gné bhoilsciú an fháltais leis agus mar sin, nár ghá cuntas a thabhairt ann ar leithligh mar dhíorthach neadaithe. Mar gheall air sin, tá fáltas réamh-mheasta an bhoilscithe curtha san áireamh sa ríomhaireacht faoin ráta éifeachtach úis freisin agus déantar é a athmheasúnú gach bliain. Is é an ráta éifeachtach úis ná an ráta a lascainíonn na sreabhaí airgid thirim a bhfuiltear ag súil leo amach anseo, thar an tréimhse lena bhfuiltear ag súil go mbeidh an ionstraim airgeadais ann nó, sa chás gur cuí, tréimhse níos giorra, de réir ghlanluach iompair na sócmhainne airgeadais nó an dliteanais airgeadais ar an gcéadaithint.

Airgeadraí eachtracha

Idirbhearta a ainmnítear in airgeadraí seachas an Euro, taifeadtar iad de réir na rátaí atá i réim ag dáta na n-idirbheart sin. Aistrítear sócmhainní airgid agus dliteanais in airgeadraí eachtracha de réir na rátaí atá i réim ag dáta an chláir chomhardaithe. Déileáiltear leis na difríochtaí malairte sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Léas oibriúcháin

Na costais a bhaineann le léasanna oibriúcháin, cuirtear iad san áireamh sa chaiteachas indíreach ar bhonn fabhrúithe thar thréimhse an léasa agus an modh dronlíneach á úsáid.

Ioncam Airgeadais

Bíonn ioncam airgeadais comhdhéanta d'ioncam ó ús ar chistí infheistithe. Aithnítear ioncam ó ús de réir mar a fhabhraíonn sé agus modh an ráta éifeachtach úis á úsáid.

Pinsin

Is ionann glaneasnamh nó glanbharrachas na Gníomhaireachta i leith a plean sainithe sochair agus sprioceasnamh nó barrachas dá réir de luach cothrom shócmhainní an phlean thar luach reatha na sochar a bheidh le híoc amach anseo le fostaithe i gcúiteamh a seirbhíse sna tréimhsí reatha agus roimhe seo. Is é an ráta lascaine a úsáidtear ná toradh an mhargaidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta ag dáta an chláir chomhardaithe lena ngabhann dátaí aibíochta atá cóngarach a bheag nó a mhór do théarmaí oibleagáidí na Gníomhaireachta. Déanann achtúire cáilithe neamhspleách an t-áireamh trí úsáid a bhaint as modh chostas réamh-mheasta an aonaid. Tógtar gnóthachain agus caillteanais achtúireachta go díreach chuig ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta sa tréimhse ina dtabhaítear iad.

Clúdaíonn an muirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais an costas reatha seirbhíse, an costas seirbhíse cheana, costas úis dhliteanais na scéime, agus an toradh a bhfuiltear ag súil leis ar shócmhainní an phlean.



CAIBIDIL A SÉ

Cuntas ioncaim agus caiteachais

	Nóta	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2009	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2008
		€'000	€'000
Ioncam – gníomhaíochtaí leanúnacha	3	99,417	190,119
Caiteachas díreach	4	(89,765)	(209,448)
Barrachas/(easnamh) ioncaim ar chaiteachas díreach		9,652	(19,329)
Caiteachas indíreach	5	(1,946)	(2,082)
Barrachas/(easnamh) oibriúcháin don bhliain airgeadais – gníomhaíochtaí leanúacha		7,706	(21,411)
Ioncam airgeadais (glan)	7	3,182	19,388
Barrachas/(easnamh) don bhliain airgeadais		10,888	(2,023)

Thar cheann an Bhoird,

John Bolger
Cathaoirleach
25 Márta 2010

Ian d'Alton
Príomhfheidhmeannach
25 Márta 2010



CAIBIDIL A SEACHT

Ráiteas um ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána

	<i>Nóta</i>	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2009	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2008
		€'000	€'000
Barrachas/(easnamh) oibriúcháin don bhliain airgeadais		10,888	(2,023)
Gnóthachain agus caillteanais achtúireacha	23	63	(820)
Glanathrú ar an gcúlchiste fáilaithe don sreabhadh airgid thirim	17	(294)	(21)
Gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána don bhliain		10,657	(2,864)

CAIBIDIL A HOCHT

Clár comhardaithe

	Nóta	31 Nollaig 2009	31 Nollaig 2008
		€'000	€'000
Sócmhainní in úsáid			
Sócmhainní seasta inláimhsithe	9	47	81
Sócmhainní reatha			
Fiachóirí (airleacain dlite tar éis breis is bliain: €3,599,813 [2008: €3,426,229])	8	4,672,511	4,552,506
Ionstraimí airgeadais díorthacha	16	41,882	113,332
Airgead tirim agus a chómhaith	10	259,309	408,984
		4,973,702	5,074,822
Dlíteanais Reatha			
Creidiúnaithe (suimeanna dlite faoi cheann bliana)	11	(4,554,747)	(4,397,280)
Ionstraimí airgeadais díorthacha	16	(6,415)	(66,758)
Glansócmhainní reatha		412,540	610,784
Sócmhainní iomlána lúide dlíteanais reatha		412,587	610,865
Creidiúnaithe (suimeanna dlite dlite tar éis breis is bliain)	12	(97,555)	(299,304)
Urrúis fiachais in eisiúint Bannaí treoirnasctha	13	(191,304)	(198,295)
Stoc 8.75% na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta 2018	14	(92,277)	(91,916)
Glansócmhainní roimh easnamh pinsin		31,451	21,350
Barrachas/(easnamh) pinsin	23	479	(77)
Glansócmhainní		31,930	21,273
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	19	39	39
Barrachas coinnithe	20	32,206	21,255
Cúlchiste fálaíthe don sreabhadh airgid thirim	17	(315)	(21)
Cistí scairshealbhóirí	21	31,930	21,273


Thar cheann an Bhoird,



John Bolger
Cathaoirleach
25 Márta 2010



Ian d'Alton
Príomhfheidhmeannach
25 Márta 2010



CAIBIDIL A NAOI

Ráiteas um shreabhadh airgid


	<i>Nóta</i>	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2009	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2008
		€'000	€'000
Insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid thirim de bharr gníomhaíochtaí oibriúcháin	<i>18(a)</i>	(131,420)	(741,441)
Fáltais ar infheistíochtaí agus de bharr seirbhísiú airgeadais	<i>18(b)</i>	-	(266,906)
Caiteachas caipitil	<i>18(b)</i>	(8)	(57)
Méadú/(laghdú) ar iasachtaí bainc agus ar nótaí iníoctha	<i>18(b)</i>	(17,166)	902,490
Laghdú ar airgead tirim i rith na bliana		(148,594)	(105,914)



CAIBIDIL A DEICH

Mar a réitíodh an glansreabhadh airgid le gluaiseacht sa ghlanfhiachas

	Nóta	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2009	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2008
		€'000	€'000
Laghdú ar airgead tirim i rith na bliana		(148,594)	(105,914)
Insreabhadh airgid ó athrú ar mhaoiniúchán fiachais	18(b)	17,166	(902,490)
Gluaiseachtaí neamhairgid	18(c)	6,629	256,006
Gluaiseachtaí i nglanfhiachas i rith na bliana		(124,799)	(752,398)
Glanfhiachas ag tús na bliana	18(c)	(4,542,930)	(3,790,532)
Glanfhiachas ag deireadh na bliana	18(c)	(4,667,729)	(4,542,930)



CAIBIDIL A AON DÉAG

Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais

1. Stádas na Gníomhaireachta agus idirbhearta le páirtithe gaolmhara

Is cuideachta faoi theorainn scaireanna í an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta cpt arna cur chun cinn ag an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil faoi théarmaí an Achta um an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981. Is é an tAire Airgeadais úinéir tairbhiúil scairchaipiteal eisithe na Gníomhaireachta. Bunaíodh an Ghníomhaireacht mar chuideachta theoranta phríobháideach ar 8 Feabhra 1982 agus rinneadh cuideachta theoranta phoiblí di ar 13 Eanáir 1983.

Ní raibh aon idirbhearta le páirtithe gaolmhara i rith na bliana de réir chiall Chaighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais Uimhir 8 um Fhaisnéisiú Páirtithe Gaolmhara seachas déileálacha le comhlachtaí eile Rialtais. Déileálann an Ghníomhaireacht le comhlachtaí eile Rialtais sa ghnáthchúrsa gnó; go háirithe, socraítear cuid shuntasach de mhaoiniúchán na Gníomhaireachta ag Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus díorthaítear ioncam ó ghníomhaíochtaí leanúnacha de bharr iasachtaí d'údaráis áitiúla.

2. Stádas cánachais na Gníomhaireachta

Faoi Alt 218 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, maidir le hioncam a thuilleann an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta cpt, de thoradh an ghnó le hiasachtaí agus airleacain a thabhairt faoi Alt 5 den Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981, bíonn sé díolmhaithe ó Cháin Chorporáide. Bíonn ioncam atá inmhuirearaithe faoi Chás III, Sceideal D, díolmhaithe ó Cháin Chorporáide freisin.

Faoi Alt 172(A) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1999, bíonn an Ghníomhaireacht i dteideal díbhinní a íoc gan Cáin Shiarchoinneálach Díbhinní bainte amach.

Nótaí Atá ina Gcuid de na Ráitis aiRGeadais (ar lean.)

3. Ioncam – gníomhaíochtaí leanúnacha

	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2009	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2008
	€'000	€'000
Ús ar airleacain d'údaráis áitiúla a ceadáíodh:		
Tar éis 27 Bealtaine 1986	100,391	188,435
Roimh 27 Bealtaine 1986	(974)	1,684
	99,417	190,119

Ba é ioncam iomlán an úis ar shócmhainní airgeadais nár iompraíodh ar luach cothrom tríd an gcuntas ioncaim agus caiteachais ná €102.6m lena n-áirítear €3.2m d'ioncam ó infheistíocht don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 (2008: €209.5m lena n-áirítear €19.4m d'ioncam ó infheistíocht). Tá ioncam roimh 27 Bealtaine 1986 diúltach mar gheall go raibh ráta díbhóiscithe i réim le linn 2009 ar fad.

4. Caiteachas díreach

	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2009	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2008
	€'000	€'000
Bannaí treoirnasctha – ús éifeachtach		
Ús ar bhannaí	7,754	8,265
Préimh ar fhuascailt bannaí (Nóta 13)	(6,854)	10,650
	900	18,915
Costais stoic agus iasachtaí		
Ús iníoctha ar iasachtaí bainc, páipéar tráchtála, nótaí faoi ráthaíocht agus stoc	88,864	189,637
(Gnóthachan)/caillteanas de bharr na malairte eachtraí maidir le suimeanna a fuarthas ar iasacht	(499)	351
	88,365	189,988
Caillteanais a tabhaíodh ach nár tuairiscíodh		
Iasachtaí roimh Bhealtaine 1986*	500	545
	89,765	209,448

**Breathnaigh ar nóta 15 le haghaidh tuilleadh mionsonraí maidir leis an riosca creidmheasa.*

Nótaí Atá ina Gcuid de na Ráitis aRGeadais (ar lean.)

5. Caiteachas indíreach

	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2009	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2008
	€'000	€'000
Caiteachas eile		
Caiteachas riaracháin (Nóta 6)	1,827	1,952
Táillí riaracháin d'údaráis áitiúla	119	130
	1,946	2,082

6. Caiteachas riaracháin

Áiríodh caiteachas riaracháin tar éis an méid seo a leanas a chur de mhuirear ar an gcuntas:

	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2009	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2008
	€'000	€'000
Luach saothair na n-íniúcháirí	40	57
Táillí nár tháillí iniúcháireachta iad	5	-
Luachlaghdú (Nóta 9)	42	35
Íocaíochtaí cíosa faoi léas oibriúcháin	75	75
Díolaíochtaí stiúrthóirí		
Táillí – Cathaoirleach	3	14
Táillí – Stiúrthóirí eile	50	54
Luach saothair do stiúrthóir feidhmiúcháin/don Phríomhfheidhmeannach	129	128
Ranníocaíochtaí pinsin	59	35
	241	231
Costais i leith fostaithe		
Tuarastail	596	548
Costais leasa shóisialaigh	46	44
Costais seirbhíse-pinsean- faoi láthair	58	65
Costais seirbhíse-pinsean- roimhe	84	-
Iomlán arna áireamh sa chuntas ioncaim agus caiteachais	784	657
Gnótachain/Caillteanais achtúireachta ar scéim shochair shainithe arna n-áireamh sa ráiteas um ghnóthachain agus caillteanais aitheanta	63	(820)

Ba é meánlíon na bhfostaithe i rith na bliana, agus Stiúrthóirí feidhmiúcháin san áireamh, ná 12 (2008: 12).

Nótaí Atá ina Gcuid de na Ráitis aiRGeadais (ar lean.)

7. Ioncam airgeadais (glan)

	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2009	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2008
	€'000	€'000
Ioncam infheistíochta	3,210	19,377
Fáltas a bhfuiltear ag súil leis ar shócmhainní pinsin	90	110
Costas úis ar dhliteanais phinsin	(118)	(99)
Glanfháltas airgeadais	3,182	19,388

8. Féichiúnaithe/Fiachóirí

	31 Nollaig 2009	31 Nollaig 2008
	€'000	€'000
Iarmhéid dlite ar airleacain	4,582,617	4,437,638
Dlite ó údaráis áitiúla	90,676	114,199
Fiachóirí eile agus réamhíocaíochta	263	1,214
	4,673,556	4,553,051
Lúide: Caillteanais a tabhaíodh ach nár tuairiscíodh	(1,045)	(545)
	4,672,511	4,552,506

*Nótaí Atá ina Gcuid de na Ráitis aiRGeadais
8 Féichiúnaithe (ar lean.)*

Déantar anailís ar an iarmhéid atá dlite ar airleacain mar a leanas:

	31 Nollaig 2009	31 Nollaig 2008
	€'000	€'000
(i) Iasachtaí a ceadáíodh tar éis 27 Bealtaine 1986		
Iarmhéid ag tús na bliana	4,413,792	3,752,811
Iasachtaí a tugadh ar airleacan	680,730	1,061,998
Lúide: iasachtaí a aisíocadh	(547,190)	(438,896)
Ús as gearradh	100,391	188,435
Ús faighte	(86,769)	(150,556)
Iarmhéid ag deireadh na bliana	4,560,954	4,413,792
(ii) Iasachtaí a ceadáíodh roimh 27 Bealtaine 1986		
Iarmhéid ag tús na bliana	23,846	25,899
Lúide: iasachtaí a aisíocadh	(2,184)	(2,053)
Ús (a tabhaíodh)/a gearradh	(974)	1,684
Ús a íocadh/(a fuarthas)	974	(1,684)
Iarmhéid ag deireadh na bliana	21,662	23,846
Iarmhéid ag deireadh na bliana	4,582,616	4,437,638
Soláthar Comhchoiteann		
Iarmhéid ag tús na bliana	545	-
Soláthar sa bhliain	500	545
Iarmhéid ag deireadh na bliana	1,045	545

Leithlisíodh iasachtaí d'údaráis áitiúla ina n-iasachtaí a ceadáíodh roimh 27 Bealtaine 1986 agus ina dhiaidh (mar a shonraítear in (i) agus (ii) thuas), toisc go bhfeidhmítear riosca creidmheasa difriúil i leith gach ceann. Tá iasachtaí €7.4m (2008: €7.2m) a tugadh ar airleacan don Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta áirithe leis na hiasachtaí tar éis 27 Bealtaine 1986. Tá ioncam roimh 27 Bealtaine 1986 diúltach mar gheall ar ráta díbhóilscithe faoi bhun an náid a bheith i réim le linn 2009 ar fad.

Dlítear aon chaillteanais chreidmheasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn as siocair morgáistí a tugadh roimh 27 Bealtaine 1986 a chur ar an nGníomhaireacht má urraíodh iad leis an mbunmhaoín atá faoi mhorgáiste; aithníodh €1.045m de soláthar comhchoiteann sna cuntais seo, breathnaigh ar nóta 15 le haghaidh tuilleadh mionsonraí. I gcomhthéacs (a) go bhfuil údaráis áitiúla ina gcomhlachtaí reachtúla faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus achtacháin eile, agus (b) go bhfuil ioncaim nó cistí údarás áitiúil ina n-urrús do gach suim a bhíonn le híoc ag údaráis áitiúla leis an nGníomhaireacht (faoi mar a leagadh amach sa chomhaontú idir gach údarás áitiúil agus an Ghníomhaireacht), is é tuairim an Bhoird nach dtagann aon riosca suntasach creidmheasa chun cinn de bhun iasachtaí tugadh ar airleacan d'údaráis áitiúla ar nó tar éis 27 Bealtaine 1986. Breathnaigh ar nóta 15 le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

Nótaí Atá ina Gcuid de na Ráitis aiRGeadais (ar lean.)

9. Sócmhainní seasta inláimhsithe Ríomhairí agus trealamh eile

	31 Nollaig 2009
	€'000
Costas	
Ag tús na bliana	536
Breiseanna	8
Diúscairtí	(52)
Ag deireadh na bliana	492
Dímheas	
Ag tús na bliana	455
Gearrtha don bhliain	42
Diúscairtí	(52)
Ag deireadh na bliana	445
Glanluach de réir na leabhar	
31 Nollaig 2009	47
31 Nollaig 2008	81

Ba é €52,071 suim iomlán na Sócmhainní Seasta Inláimhsithe lenar bhain luach scríofa 'nialas' agus a díscríobhadh i rith 2009. Ní úsáidtear sa ghnó a thuilleadh iad.

10. Airgead tirim agus a chómhaith

	31 Nollaig 2009	31 Nollaig 2008
	€'000	€'000
Airgead sa bhanc agus ar láimh	20,705	1
Amounts held on short term deposits	238,604	408,983
Suimeanna arna gcoinneáil ar thaiscí gearrthéarmacha	259,309	408,984

Is éard a bhíonn i gceist le taiscí gearrthéarmacha go príomha ná nótaí gealltanais nó páipéar tráchtála arna gcoinneáil le Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Bhí meánráta ualaithe inathraithe úis 0.31% (2008: 2.78%) (365 lá) ag gabháil le taiscí €238.6m (2008: €408.9m) a bhí amuigh ag 31 Nollaig 2009 agus bhí tráth ba lú ná mí amháin acu go dtí tráth na haibíochta.

Nótaí Atá ina Gcuid de na Ráitis aRGeadais (ar lean.)

11. Creidiúnaithe (suimeanna dlite faoi cheann bliana)

	31 Nollaig 2009	31 Nollaig 2008
	€'000	€'000
Páipéar tráchtála, áiseanna eisiúna nótaí agus nótaí faoi ráthaíocht	4,545,902	4,361,318
Ús dlite ar pháipéar tráchtála, áiseanna eisiúna nótaí agus nótaí faoi ráthaíocht	3,404	29,338
Ús dlite ar stoc agus ar bhannaí	5,053	5,177
Fabhruithe	388	365
Rótharraingt bhainc	-	1,082
	4,554,747	4,397,280
Creidiúnaithe cánach (san áireamh sna fabhruithe)		
ÍMAT	27	28
CBL	12	-

An páipéar tráchtála, na háiseanna eisiúna nótaí agus na nótaí faoi ráthaíocht, bíonn siad faoi lánráthaíocht an Aire Airgeadais.

12. Creidiúnaithe (suimeanna dlite tar éis breis is bliain)

	31 Nollaig 2009	31 Nollaig 2008
	€'000	€'000
Iasachtaí bainc agus nótaí iníoctha		
Idir aon bhliain agus dhá bhliain	86	251,607
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	4,210	27,927
Tar éis breis is cúig bliana	93,259	19,770
	97,555	299,304

Tá na hiasachtaí agus na nótaí iníoctha faoi lánráthaíocht an Aire Airgeadais seachas dhá áis i gcomhair €25 milliún le bainc fhornáisiúnta, le haghaidh iasachtaí, nach mbeidh faoi ráthaíocht, do thionscadail uisce, dramhaíola agus chomhshaoil.

Nótaí Atá ina Gcuid de na Ráitis aiRgeadais (ar lean.)

13. Urrúis fiachais atá eisithe – bannaí treoirnasctha

	31 Nollaig 2009	31 Nollaig 2008
	€'000	€'000
Eisiúintí banna na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta		
Bannaí Treoirnasctha 4% 2015	95,230	95,230
Luach ainmniúil na mbannaí atá eisithe	95,230	95,230
Glanspeansais neamh-amúchta agus préimh/lascaine ar eisiúint	873	1,008
	96,103	96,238
Soláthar le haghaidh préimhe ar fhuascailt bannaí	95,201	102,057
	191,304	198,295

Tá dátaí aibíochta na n-urrús fiachais atá eisithe leagtha amach i Nóta 15.

Soláthar le haghaidh préimhe ar fhuascailt bannaí

	Iomlán	Iarchurtha	Arna sholáthar
	€'000	€'000	€'000
31 Nollaig 2009			
Ag tús na bliana	106,917	(4,860)	102,057
Ag eascairt i rith na bliana	(7,714)	857	(6,856)
Ag deireadh na bliana	99,203	(4,003)	95,201
31 Nollaig 2008			
Ag tús na bliana	255,908	(5,525)	250,383
Fuascailt bhannaí 2008 (2%)	(158,976)	-	(158,976)
Ag eascairt i rith na bliana	9,985	665	10,650
Ag deireadh na bliana	106,917	(4,860)	102,057

An phréimh a bhíonn iníochta ar fhuascailt, soláthraítear í trí thagairt don mhéadú céatadánach ar an Innéacs Praghasanna Tomhaltais ó bhonndáta gach eisiúint banna go dtí an t-innéacs is infheidhme sé mhí roimh dháta an chúpóin ábhartha. Bíonn na bannaí faoi lánráthaíocht ag an Aire Airgeadais.

14. Stoc 8.75% na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta 2018

	31 Nollaig 2009	31 Nollaig 2008
	€'000	€'000
Ar luach par	95,230	95,230
Lúide: Lascaine neamh-amhúchta ar eisiúint	(2,953)	(3,314)
	92,277	91,916

Tá an luach pair atá dlite ar fhuascailt agus ús ar an stoc seo faoi lánráthaíocht an Aire Airgeadais

Tá dátaí aibíochta na n-urrús fiachais atá eisithe leagtha amach i Nóta 15.

Nótaí Atá ina Gcuid de na Ráitis aRGeadais (ar lean.)

15. Bainistíocht Rioscaí Airgeadais

Réamhrá agus forléargas

D'fhéadfadh an Ghníomhaireacht a bheith nochtaithe do na rioscaí seo a leanas de bharr an úsáid a bhaineann sí as ionstraimí airgeadais:

- riosca creidmheasa
- riosca leachtachta
- rioscaí an mhargaidh (lena n-áirítear ráta úis, boilsciú agus airgeadra).

Cuirtear faisnéis i láthair sa nóta seo ar an mbealach atá an Ghníomhaireacht nochtaithe do gach ceann de na rioscaí thuas, chomh maith le faisnéis faoi chuspóirí, faoi bheartais agus faoi nósanna imeachta na Gníomhaireachta le rioscaí a thomhas agus a bhainistiú.

Creatlach bhainistíochta rioscaí

Is ag Bord na Stiúrthóirí atá an fhreagracht fhoriomlán as creatlach bhainistíochta rioscaí na Gníomhaireachta a bhunú agus a mhaoirsiú. Cuirtear beartais na Gníomhaireachta i leith rioscaí a bhainistiú ar bun chun na rioscaí a bhíonn roimh an nGníomhaireacht a aithint agus a anailísiú, chun teorainneacha agus rialuithe cuí a shocrú i leith rioscaí, agus chun monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí agus ar a mhéid is a chloítear le teorainneacha. Déantar athbhreithniú go rialta ar bheartais agus ar chórais bhainistíochta rioscaí chun athruithe ar bhail an mhargaidh, ar tháirgí agus ar sheirbhísí a tháirgtear, a léiriú. Tá beartais maidir le húsáid ionstraimí díorthacha cisteáin san áireamh i mbeartais agus nósanna imeachta na Gníomhaireachta. Is tacaíocht iad seo ó thaobh Sonraíocht agus Ceanglais an Aire Airgeadais a chomhlíonadh, a eisíodh faoi théarmaí an Achta um Idirbhearta Airgeadais Chuideachtaí Áirithe agus Chomhlachtaí Eile, 1992 agus cuireann siad san áireamh an cleachtas is fearr um úsáid

ionstraimí díorthaitheacha cisteáin. Is é príomhchuspóir le hionstraimí díorthaitheacha airgeadais a úsáid ná teacht ar chomhchéim leis an riosca nó fáil réidh leis ar fad i ngluaiseachtaí féideartha i rátaí malairte eachtracha i sócmhainní agus i ndliteanais na Gníomhaireachta.

Sa 'Sonraíocht agus Ceanglais' reatha (atá bailí go dtí 31 Nollaig 2010), atá de réir beartais atá faofa ag an mBord, lamháiltear conarthaí a chlúdaíonn iomlaidí rátaí úis (€400 milliún), réamhchonarthaí malairte eachtraí (€4.4 billiún), réamh-chomhaontuithe rátaí (€80 milliún), agus caidhpeanna ar rátaí úis (€300 milliún). Leagtar mionsonraí amach i 'Sonraíocht agus Ceanglais' ar na cineálacha frithpháirtithe agus freagrachtaí Boird i ndáil le díorthaigh a bhainistiú. Ní féidir idirbhearta a dhéanamh ach amháin le ceadú Phríomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta nó an Rialtóra Airgeadais (i gcás na n-idirbheart sin a bhfuil Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ina gníomhaire/frithpháirtí dóibh, arna nótaíl ag an bPríomhfheidhmeannach nó ag an Rialtóir Airgeadais) agus cuirtear na hidirbhearta seo faoi sheiceálacha iniúchóireachta inmheánaí tréimhsiúla rialta chomh fada agus is ann dóibh.

Faoina chlár páipéir Eurothrachtála (CPE), eisíonn an Ghníomhaireacht CPE in airgeadraí seachas an Euro. Chun cosaint a dhéanamh in aghaidh an riosca airgeadra seo, déanann an Ghníomhaireacht réamh-chomhaontuithe maidir le rátaí in airgeadraí eachtracha.

Bhí luach barúlach €2.14 billiún de réamhdhéileálacha gan íoc in airgeadraí eachtracha ag an nGníomhaireacht ag deireadh na bliana, a chosain rioscaí malairte eachtraí iomlána na Gníomhaireachta. Ba réamhbhearta malairte eachtraí iad seo go léir a bhí déanta le Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i gcomhar le clár páipéir Eurothrachtála €4.4 billiún na Gníomhaireachta. Tá a thuilleadh mionsonraí i leith na rioscaí airgeadra curtha san áireamh thíos i nóta (c) thíos.

*Nótaí Atá ina Gcuide de na Ráitis aiRGeadais
15. Bainistíocht Rioscaí Airgeadais (ar lean.)*

(a) Riosca creidmheasa

	31 Nollaig 2009	31 Nollaig 2008
Sócmhainní Airgeadais	€'000	€'000
Iarmhéid dlite ar airleacain	4,582,616	4,437,638
Airgead sa bhanc agus ar láimh	20,705	-
Suimeanna arna gcoinneáil ar thaiscí gearrthéarmacha	238,603	408,983
Dlite ó Údaráis Áitiúla	90,676	114,199
Ionstraimí airgeadais díorthacha	41,882	113,332
	4,974,482	5,074,152

Is éard is riosca creidmheasa ann ná riosca an chaillteanais airgeadais don Ghníomhaireacht má theipeann ar chustaiméir nó ar fhrithphairtí le hionstraim airgeadais a oibleagáidí conarthacha a chomhlíonadh, agus tagann sé chun cinn go príomha as iasachtaí agus airleacain na Gníomhaireachta dá custaiméirí, údaráis áitiúla na hÉireann.

Ceadaítear don Ghníomhaireacht airgead a thabhairt ar airleacain do na comhlachtaí seo a leanas faoi láthair:

- Údaráis Áitiúla go n-úsáidfídh siad é chun críoch ar bith arna údarú faoi Achtanna na dTithe 1966 go dtí 2009; agus
- an Ghníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta Teoranta (faoi mar a tagraíodh di san Acht um an Ghníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta Teoranta 1963) go n-úsáidfídh sí é chun críoch dleathach ar bith i dtaca le tithíocht a sholáthar nó a fheabhsú nó seirbhísí a bhaineann leis sin a sholáthar nó a fheabhsú nó in ionad cistí arna bhfáil ar iasacht aici chun críocha den sórt sin agus atá fós amuigh.
- Údaráis Áitiúla le haghaidh tionscadal caipitil arna n-údarú faoi alt 17 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2002

Tá dhá chatagóir iasachtaí ag an nGníomhaireacht d'údaráis áitiúla: iad sin a ceadaíodh roimh agus i ndiaidh 27 Bealtaine 1986. Tá próifíl dhifriúil ag an dá chatagóir seo ó thaobh an riosca creidmheasa.

Dlítear aon chaillteanais chreidmheasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn as siocair morgáistí a tugadh roimh 27 Bealtaine 1986 a chur ar an nGníomhaireacht má urraíodh iad leis an mbunmhaoín atá faoi mhorgáiste

agus árachas cosanta morgáiste. Cé gur frithpháirtithe leis na hiasachtaí seo na húdaráis áitiúla, bíonn an Ghníomhaireacht nochtaithe don bhunriosca do na hiasachtaí aonair. Coinníonn an t-údarás áitiúil comhthaobhacht i gcoinne iasachtaí a tugadh ar airleacan roimh 27 Bealtaine 1986 i bhfoirm leasanna morgáistí ar mhaoín agus ní bhíonn an Ghníomhaireacht faoi dhliteanas i leith aon chaillteanais de bharr lagú a d'fhéadfadh teacht chun cinn, ach amháin sa chás nach leor an chomhthaobhacht sin leis an bhfiachas a scaoileadh. Ní uasdáítear meastacháin ar luach cothrom ach amháin sa chás go ndéantar iasacht a mheasúnú as féin mar cheann atá tar éis a dháta dlite nó lagaithe. Tá an sainmhíniú ar iasachtaí atá tar éis a ndáta dlite agus lagaithe mar seo a leanas:

Iasachtaí lagaithe

Is éard is iasachtaí lagaithe ann ná iasachtaí a ndéanann an Ghníomhaireacht cinneadh ina leith gur dócha nach mbeidh sí in ann gach príomhshuim agus ús atá dlite a bhailiú de réir théarmaí conarthacha na hiasachta.

Iasachtaí atá tar éis a ndáta dlite

Iasachtaí a bhfuil ús conarthach nó íocaíochtaí na príomhshuime tar éis a ndáta dlite. Ní raibh aon iasachtaí ná airleacain ag an nGníomhaireacht a bhí tar éis a ndáta dlite ag 31 Nollaig 2009 (2008: €nialas).

Iasachtaí Ath-Idirbheartaithe

Is éard is iasachtaí lena mbaineann téarmaí ath-idirbheartaithe ann ná iasachtaí a athstruchtúradh mar gheall

Nótaí Atá ina Gcuid de na Ráitis aRGeadais
 15. Bainistíocht Rioscaí Airgeadais (ar lean.)

	31 Nollaig 2009	31 Nollaig 2008
Anailís ar iasachtaí d'údaráis áitiúla	€'000	€'000
Iasachtaí roimh 1986	21,662	23,846
Iasachtaí tar éis 1986	4,560,954	4,413,792
	4,582,616	4,437,638
Soláthair comhchoiteanna		
Iasachtaí roimh 1986	1,045	545
Iasachtaí tar éis 1986	–	–
	1,045	545

ar chúinsí buiséid agus i gcás lamháltais a bheith déanta ag an nGníomhaireacht nach gcuimhneodh sí orthu murach sin. Nuair a dhéantar an iasacht a athstruchtúrú, fanann sí sa chatagóir seo, beag beann ar an iasacht a bheith ag feidhmiú go sásúil tar éis a hathstruchtúraithe.

I rith na bliana, tháinig an Ghníomhaireacht ar chomhaontú leis na húdaráis áitiúla chun síneadh ama a chur le téarmaí na n-iasachtaí ó údaráis áitiúla a bhí le teacht in aibíocht in 2009 agus in 2010 go dtí 2011, suim arb ionann agus €176.10m agus €87.74m faoi seach.

Ní aon riosca creidmheasa don Ghníomhaireacht iasachtaí a tugadh ar airleacan d'údaráis áitiúla ar nó i ndiaidh 27 Bealtaine 1986. Bunaítear údaráis áitiúla faoi reacht. An tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil a cheadaíonn gach iasacht a thugtar ar airleacan d'údaráis áitiúla. Is é creideamh an Bhoird, sa chomhthéacs seo, nach dtagann riosca creidmheasa chun cinn. I gcomhthéacs (a) go bhfuil údaráis áitiúla ina gcomhlachtaí reachtúla faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus achtacháin eile, agus (b) go bhfuil ioncaim nó cistí údarás áitiúil ina n-urrús do gach suim a bhíonn le híoc ag údaráis áitiúla leis an nGníomhaireacht (faoi mar a leagadh amach sa chomhaontú idir gach údarás áitiúil agus an Ghníomhaireacht), is é tuairim an Bhoird nach dtagann aon riosca suntasach creidmheasa chun cinn de bhun na n-iasachtaí seo.

Bíonn Bord na Stiúrthóirí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar riosca creidmheasa na Gníomhaireachta lena n-áirítear:

- Beartais chreidmheasa a cheapadh i comhar leis an mbainisteoireacht, ag cuimsiú riachtanas ó thaobh comhlachtaí, nósanna imeachta doiciméadachta agus dlíthiúla faoi shrian na gceanglas reachtúil.
- An struchtúr údarúcháin agus ceadúcháin a chur ar bun d'fhrithpháirtithe nua (comhlachtaí nach údaráis áitiúla iad) chomh maith le comhchruinniú na n-iasachtaí dóibh.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar a mhéid is a chomhlíontar beartais agus nósanna imeachta inmheánacha.
- Monatóireacht ar mar a nochtáitear an Beartas maidir le hIasachtaí.

Comhchruinnithe

Is d'Údaráis Áitiúla agus don Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta a thugtar gach iasacht agus airleacan (agus is é an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil a cheadaíonn iad ar fad).

Rud a bhíonn i gceist le riosca creidmheasa na Gníomhaireachta freisin ná a mhéid is atá an Ghníomhaireacht nochtaithe d'institiúidí (Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta go príomha), a bhfuil infheistíochtaí gearrthéarmacha aici léi. Déanann an Bord beartas maidir leis an nochtacht d'infheistíochtaí agus d'fhrithpháirtithe a cheadú go tréimhsiúil. Ní thagann infheistíochtaí chun cinn faoi láthair ach amháin i gcomhthéacs na bainistíochta leachtachta laethúla. Ag deireadh na bliana, bhí €236.6m (2008: €408.9m) infheistithe ag an nGníomhaireacht i Nótaí Státhiste le Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

Nótaí Atá ina Gcuid de na Ráitis aiRGeadais
15. Bainistíocht Rioscaí Airgeadais (ar lean.)

(b) Riosca leachtachta

Is éard is riosca leachtachta ann ná an riosca go mbeidh deacracht roimh an nGníomhaireacht oibleagáidí óna dliteanais airgeadais a chomhlíonadh.

	Luach iompair	Oll-insrea- bhadh/ (eis-srea- bhadh) ainmniúil	Níos lú ná 1 mhí	1-3 mhí	3 mhí go 1 bhliain	1-5 bliana	Breis is 5 bliana
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
31 Nollaig 2009							
Dlíteanais Neamhdhíorthacha							
Clár Páipéir Eurothrachtála	4,083,662	(4,044,596)	(992,639)	(1,746,215)	(1,305,742)	-	-
Áis na nótaí faoi ráthaíocht	212,238	(212,268)	(206,464)	(5,303)	(501)	-	-
Nóta meántéarmach ar ráta seasta	4,297	(4,607)	(384)	-	(296)	(3,927)	-
Iasacht 20 bliain ar ráta athraitheach	93,259	(108,624)	-	(164)	(7,938)	(29,777)	(70,745)
Iasacht le téarma 5 bliana	250,000	(250,193)	(100,020)	(150,173)	-	-	-
Bannaí treoirnasctha	191,304	(115)	-	-	(21)	(85)	(9)
Stoc ar Ráta Seasta 8.75%	92,277	(162,944)	-	(8,333)	-	(33,332)	(121,279)
	4,927,037	(4,783,347)	(1,299,507)	(1,910,188)	(1,314,498)	(67,121)	(192,033)
Dlíteanais dhíorthacha							
Trádáil: eis-sreabhadh	(2,140,026)	(2,150,272)	(405,084)	(508,080)	(1,237,108)	-	-
Trádáil: Insreabhadh	2,140,026	2,150,272	405,084	508,080	1,237,108	-	-
	-	-	-	-	-	-	-
31 Nollaig 2008							
Dlíteanais Neamhdhíorthacha							
Clár Páipéir Eurothrachtála	3,787,293	(3,889,048)	(446,627)	(1,893,436)	(1,548,985)	-	-
Áis na nótaí faoi ráthaíocht	470,363	(470,981)	(464,710)	(5,764)	(506)	-	-
Nóta meántéarmach ar ráta seasta	6,251	(6,792)	(535)	-	(535)	(5,722)	-
Áiseanna Eisiúna Nótaí	23,266	(23,283)	(23,283)	-	-	-	-
Iasacht 20 bliain ar ráta athraitheach	43,050	(55,761)	-	-	(5,275)	(19,838)	(30,648)
Iasacht le téarma 5 bliana	250,000	(251,681)	(100,299)	(151,382)	-	-	-
Bannaí treoirnasctha	198,294	(368,121)	-	-	(13,305)	(69,913)	(284,903)
Stoc ar Ráta Seasta 8.75%	91,916	(171,277)	-	(8,333)	-	(33,332)	(129,612)
	4,870,433	(5,236,944)	(1,035,454)	(2,058,915)	(1,568,606)	(128,805)	(445,163)
Dlíteanais dhíorthacha							
Trádáil: eis-sreabhadh	(2,309,430)	(2,363,048)	(313,627)	(1,358,436)	(690,985)	-	-
Trádáil: Insreabhadh/	2,309,430	2,363,048	313,627	1,358,436	690,985	-	-
	-	-	-	-	-	-	-

Nótaí Atá ina Gcuid de na Ráitis aiRGeadais
 15. Bainistíocht Rioscaí Airgeadais (ar lean.)

Bainistíocht an riosca leachtachta

Is é beartas na Gníomhaireachta i ndáil leis an riosca leachtachta ná a chinntiú, trí athbhreithnithe tréimhsiúla ar riachtanais maidir le sreabhadh airgid thirim, gur féidir léi a hoibleagáidí maoiniúcháin a chomhlíonadh le haghaidh tréimhse cuí amach roimpi.

Ceadaíonn an Bord uasdátú rollach ar Phlean Corparáideach cúig bliana ag a chruinniú i mí Mhárta gach bliain. Leis sin, cuirtear ríomhaireachtaí na Gníomhaireachta maidir lena hacmhainní inmheánacha san áireamh, chomh maith le ríomhaireachtaí faoi mheastacháin maidir le hairleacain le haghaidh iasachtaí, iasachtaí a bheidh ag aibiú i rith na bliana agus roghanna ó thaobh maoiniúcháin.

Cuirtear athbhreithniú rialta ar staid airgeadais na Gníomhaireachta i láthair an Bhoird, in éineacht le cuntais bhainistíochta mhíosúil.

Déanann an Bord athbhreithniú go rialta ar an gclár reatha fiachais, lena n-áirítear tuairisc ar mhaoiniúchán meaitseála, ar shuimeanna a fuarthas ar iasacht agus ar airleacain ar bhonn ráithiúil de réir chineál na n-iasachtaí agus na haibíochta, le mionchuntas ar chaipiteal, struchtúr rátaí úis, comhdhéanamh an airgeadra, costais a ghabh le hairgead a fháil ar iasacht, próifíl ó thaobh aibíochta.

Maoiníonn an Ghníomhaireacht a cuid oibriúcháin trí mheascán d'eisiúintí banna, páipéar tráchtála (neamh-cheangailte, agus le háiseanna tiomanta taca), rótharraingtí bainc, agus brabúis choinnithe. Ba ionann eisiúintí bannaí agus áiseanna tiomanta le chéile agus 8% de na háiseanna iasachtaíochta a bhí ar fáil ag an nGníomhaireacht ar 31 Nollaig 2009. Maidir le háiseanna tiomanta na Gníomhaireachta, eisiúintí bannaí agus an clár páipéir eurothráchtála €4.4 billiún (a síníodh ar 22 Deireadh Fómhair 2002, le heisiúintí in airgeadraí éagsúla, a dhéanann Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta anois ó 26 Feabhra 2003), úsáidtear iad chun a hiasachtaí d'údaráis áitiúla a mhaoiniú faoi théarmaí Achtanna na dTithe. Úsáidtear áiseanna neamhthiomanta eile chun críocha idirlinne agus leachtachta den chuid is mó.

Fágann oibríochtaí maoiniúcháin na Gníomhaireachta go mbíonn uirthi fiachas nua a chruinniú agus iasachtaí atá ag aibiú a athmhaoiniú. Bíonn áiseanna rótharraingte na Gníomhaireachta (€51m ar fáil ar 31 Nollaig 2009) faoi réir athbhreithnithe bliantúil ag baincírí na Gníomhaireachta. Tá clár páipéir eurothráchtála €4.4 billiún na Gníomhaireachta le méadú in 2010 go dtí €6.0 billiún.

Ba é meánchostas fhiachas na Gníomhaireachta in 2009 ná 1.8% blianaíthe i gcomparáid le 4.4% in 2008.

I mí na Samhna 2005, shocraigh an Ghníomhaireacht áis um ráta inathraithe cúig bliana ar luach €250 milliún. Bhí an áis seo tarraingte go hiomlán faoi dheireadh na bliana. Tá beartas i bhfeidhm ag an mBord le measúnú rialta a dhéanamh ar fhiachas a bhfuil tráth a aibíochta ag teacht agus athmhaoiniú agus/nó aisíoc an fhiachais sin.

Thug an Ghníomhaireacht roinnt iasachtaí meántéarmacha ar rátaí seasta ar iasacht ar aghaidh d'údaráis áitiúla le haghaidh tithíochta agus cuspoirí gaolmhara agus mhaoinigh an Ghníomhaireacht na hiasachtaí seo le 'Nótaí Meántéarmacha' meaitseáilte ar rátaí seasta. Mar gheall air seo, bíonn na hiasachtaí seo meaitseáilte go hiomlán ó thaobh théarma na hiasachta agus an ráta úis, agus ní aon riosca leachtachta iad.

Maoinítear formhór na n-iasachtaí a thugann an Ghníomhaireacht – atá comhdhéanta go príomha de bhliantaí ar feadh 30 bliain – lena clár páipéir eurothráchtála ar ráta athraitheach gearrthéarmach, atá faoi ráthaíocht Aire Airgeadais na hÉireann. I gcomhthéacs rátáil an Stáit agus a ballraíochta san AE agus i gcrios an Euro, is é dearcadh an Bhoird go bhfuil leordhóthain acmhainní socraithe chun aon riosca, dá dtiocfadh chun cinn ó thaobh leachtachta, a chlúdach.

(c) Rioscaí an mhargaidh

Is éard is rioscaí an mhargaidh ann ná an riosca go rachaidh athruithe ar phraghasanna an mhargaidh, amhail rátaí úis agus rátaí malairte eachtraí, i bhfeidhm ar ioncam na Gníomhaireachta nó ar luach a shealúcháis d'ionstraimí airgeadais. Is é cuspoir bhainistíochta rioscaí an mhargaidh ná a mhéid is a bhíonn an Ghníomhaireacht nochtaithe do rioscaí an mhargaidh a íoslaghdú, nó fáil réidh leis na rioscaí sin ar fad.

Bainistíocht rioscaí an mhargaidh

Scarann an Ghníomhaireacht rioscaí an mhargaidh ina dtrí chuid – rioscaí a bhaineann le hathruithe ar rátaí athraitheacha úis, rátaí malairte eachtraí agus an boillsciú. Bainistítear a mhéid is a bhíonn an Ghníomhaireacht nochtaithe do rioscaí ó thaobh rátaí úis trí mhímheaitseálacha a íoslaghdú idir a bhfuil faighte ar iasachtaí aici agus a bhfuil tugtha ar airleacan aici, laistigh dá clár indibhidiúla – treoirnasctha, ar ráta seasta agus ar ráta athraitheach.

Nótaí Atá ina Gcuid de na Ráitis aiRGeadais
15. Bainistíocht Rioscaí Airgeadais (ar lean.)

Déantar a thuilleadh anailíse ar na sócmhainní airgeadais thíos:

	31 Nollaig 2009	31 Nollaig 2008
	€'000	€'000
Ráta seasta	147,204	154,219
Ráta comhlúthach:		
EURIBOR®	4,624,845	4,625,816
Treoirnasctha	160,552	180,785
	4,932,601	4,960,820
Díorthaigh	41,882	113,332
	4,974,483	5,074,152

Thug an Ghníomhaireacht airleacain nua ar rátaí seasta agus ar rátaí comhlúthacha i rith na bliana airgeadais. Is mar shócmhainní ar ráta comhlúthach a rangáítear airleacain threoirnasctha na Gníomhaireachta

Próifíl riosca na sócmhainní airgeadais ó thaobh rátaí úis de réir mar a bhí ar:

	31 Nollaig 2009	31 Nollaig 2008
Meánráta an úis sheasta ualaithe	5.53%	5.41%
Meánráta an úis chomhlúthaigh ualaithe	2.23%	4.49%
Meántréimhse ualaithe dá socraítear sócmhainní lena ngabhann ús seasta	19.5 bliaina	18.5 bliaina

Is iasachtaí ar feadh 30 bliain a eisíodh in 1986 cuid mhór d'iasachtaí na Gníomhaireachta atá ar ráta seasta. Is ar feadh tréimhsí i bhfad níos giorra ná sin a shocraítear airleacain nua a rinneadh tar éis 27 Bealtaine 1986, agus bíonn tréimhsí na n-iasachtaí idir cúig agus deich mbliana ar an meán. Is éard a bhíonn i gceist le hiasachtaí ar ráta comhlúthach ná iasachtaí d'údaráis áitiúla ar feadh tréimhsí idir bliain amháin agus caoga bliain.

Déantar anailís ar dhliteanais airgeadais thíos:

	31 Nollaig 2009	31 Nollaig 2008
	€'000	€'000
Ráta seasta	96,573	98,169
Ráta comhlúthach:		
EURIBOR®	4,639,160	4,654,369
Príomhshuim	-	1,082
Treoirnasctha	191,304	198,296
	4,927,037	4,951,916
Díorthaigh	6,415	66,758
	4,933,452	5,018,674

Nótaí Atá ina Gcuid de na Ráitís aRGeadais
15. Bainistíocht Rioscaí Airgeadais (ar lean.)

Déantar anailís orthu seo mar seo a leanas:

Tá fiachas páipéir eurothrachtála na Gníomhaireachta san áireamh le dliteanais ar ráta comhlúthach. Tá an fiachas seo comhdhéanta d'fhiachas gearrthéarmach arna phraghsáil de réir innéacs inathraithe (*EURIBOR*[®]). Creideann na Stiúrthóirí go bhfuil an fiachas rangaithe go cuí mar fhiachas ar ráta comhlúthach.

Próifíl riosca na ndlíteanais airgeadais ó thaobh rátaí úis de réir mar a bhí ar:

	31 Nollaig 2009	31 Nollaig 2008
Meánráta an úis sheasta ualaithe	8.78%	8.73%
Meánráta an úis chomhlúthaigh ualaithe	0.79%	4.06%
Meántréimhse ualaithe dá socraítear dliteanais lena ngabhann ús seasta	7.9 bliaina	8.6 bliaina

Is éard atá sna dliteanais airgeadais ar ráta comhlúthach ná iasachtaí bainc a thugann ús ar rátaí a shocraítear roimh ré le haghaidh tréimhsí ó thrí mhí go dtí sé mhí trí thagairt do dhliteanais shé mhí *EURIBOR*[®] agus do dhliteanais threoirnasctha a thugann ús ar rátaí a ríomhtar trí thagairt d'Innéacs Praghsanna Tomhaltais na hÉireann.

Cuirtear na neamhchinnteachtaí seo a leanas san áireamh agus an beartas á dhéanamh amach maidir le:

- sa chás gur féidir le hiasachtaí a n-iasachtaí a fhuascailt gan phionós;
- sa chás go mb'fhéidir nach mbeidh margaí speisialaithe (m.sh. treoirnasctha) gabhálach ó thaobh eisiúintí agus fuascailtí i gcónaí; agus
- cás go mbíonn gnó na Gníomhaireachta faoi réir athruithe ar bheartais an rialtais.

Is é cur chuige ginearálta na Gníomhaireachta, i ndáil lena nochtacht do riosca ó thaobh rátaí úis a bhainistiú, ná corrlaigh a ghiniúint chun an bhrabúsacht a mhéadú agus bearta a dhéanamh freisin le rátaí úis a shocrú chun an Ghníomhaireacht a chosaint ar rioscaí iarmharacha a fheictear di a bheith ann, trí thagairt a dhéanamh do nithe agus toimhde éagsúla a d'fhéadfadh titim amach. Déanann an Bord an scéal a mheasúnú go rialta agus cinneann leibhéal na gcúlchistí a bhíonn ag teastáil go bliantúil.

Nótaí Atá ina Gcuid de na Ráitis aiRGeadais
15. Bainistíocht Rioscaí Airgeadais (ar lean.)

	Aibithe 31 Nollaig 2009	Athphraghsáil 31 Nollaig 2009
	€'000	€'000
Aibiú agus athphraghsáil ráta úis i leith sócmhainní airgeadais		
Suimeanna a bheidh dlite i gceann míosa nó níos luaithe	841,101	4,583,190
Suimeanna a bheidh dlite idir aon mhí agus trí mhí	-	165,167
Suimeanna a bheidh dlite idir trí mhí agus 12 mhí	491,687	-
Suimeanna a bheidh dlite idir aon bhliain agus dhá bhliain	43,289	16
Suimeanna a bheidh dlite idir dhá bhliain agus trí bliana	85,905	-
Suimeanna a bheidh dlite idir trí agus ceithre bliana	66,888	1,404
Suimeanna a bheidh dlite idir ceithre agus cúig bliana	96,289	8,191
Suimeanna a bheidh dlite tar éis breis is cúig bliana	3,307,441	174,632
	4,932,600	4,932,600

	Aibithe 31 Nollaig 2008	Athphraghsáil 31 Nollaig 2008
	€'000	€'000
Aibiú agus athphraghsáil ráta úis i leith sócmhainní airgeadais		
Suimeanna a bheidh dlite i gceann míosa nó níos luaithe	523,182	4,583,885
Suimeanna a bheidh dlite idir aon mhí agus trí mhí	-	-
Suimeanna a bheidh dlite idir trí mhí agus 12 mhí	1,011,248	229,829
Suimeanna a bheidh dlite idir aon bhliain agus dhá bhliain 92,895	92,895	332
Suimeanna a bheidh dlite idir dhá bhliain agus trí bliana	48,157	-
Suimeanna a bheidh dlite idir trí agus ceithre bliana	91,588	1,559
Suimeanna a bheidh dlite idir ceithre agus cúig bliana	67,521	5,778
Suimeanna a bheidh dlite tar éis breis is cúig bliana	3,126,230	139,438
	4,960,821	4,960,821

Nótaí Atá ina Gcuid de na Ráitis aiRGeadais
15. Bainistíocht Rioscaí Airgeadais (ar lean.)

	Aibithe	Athphraghsáil	Áiseanna tiomanta nár tarraingíodh
	€'000	€'000	€'000
Aibiú, bearta leachtachta agus athphraghsáil ráta úis i leith dliteanas airgeadais de réir mar a bhí			
31 Nollaig 2009			
Ag aibiú i gceann míosa nó níos luaithe	1,208,663	1,310,184	-
Ag aibiú idir aon mhí agus trí mhí	1,768,382	1,968,469	-
Ag aibiú idir trí mhí agus 12 mhí	1,568,853	1,362,112	-
Ag aibiú níos déanaí ná 1 bhliain agus níos túisce ná 2 bhl.	-	-	-
Ag aibiú níos déanaí ná 2 bhliain agus níos túisce ná 3 bl.	6,299	2,691	96,960
Ag aibiú níos déanaí ná 3 bliana agus níos túisce ná 4 bl.	-	-	-
Ag aibiú níos déanaí ná 4 bliana agus níos túisce ná 5 bl.	-	-	-
Ag aibiú níos déanaí ná 5 bliana	374,840	283,581	53,482
	4,927,037	4,927,037	150,442

Aibiú, bearta leachtachta agus athphraghsáil ráta úis i leith dliteanas airgeadais de réir mar a bhí
31 Nollaig 2008

Ag aibiú i gceann míosa nó níos luaithe	917,071	1,040,337	-
Ag aibiú idir aon mhí agus trí mhí	1,929,839	2,079,839	-
Ag aibiú idir trí mhí agus 12 mhí	1,582,248	1,603,385	76,734
Ag aibiú níos déanaí ná 1 bhliain agus níos túisce ná 2 bhl.	250,000	255	-
Ag aibiú níos déanaí ná 2 bhliain agus níos túisce ná 3 bl.	-	1,769	-
Ag aibiú níos déanaí ná 3 bliana agus níos túisce ná 4 bl.	10,253	2,878	98,977
Ag aibiú níos déanaí ná 4 bliana agus níos túisce ná 5 bl.	-	-	-
Ag aibiú níos déanaí ná 5 bliana	329,263	290,211	1,720
	5,018,674	5,018,674	177,431

Nótaí Atá ina Gcuid de na Ráitis aiRgeadais
15. Bainistíocht Rioscaí Airgeadais (ar lean.)

Leochaileacht ó thaobh rioscaí maidir le rátaí úis

Is mar seo a leanas a rachadh anailís ar leochaileacht na Gníomhaireachta i gcás mhéadú nó laghdú ar rátaí úis an mhargaidh (ag déanamh talamh slán de go bhfuil staid an chláir chomhardaithe comhleanúnach) i bhfeidhm ar chaillteanais don bhliain airgeadais:

	100 bp méadú comhthreomhar	100 bp laghdú comhthreomhar	50 bp méadú comhthreomhar	50 bp laghdú comhthreomhar
	€'000 Gnóth./((Caill.)	€'000 (Caill.)/Gnóth.	€'000 Gnóth.	€'000 (Caill.)
Ar 31 Nollaig 2009	3,948	(3,948)	1,974	(1,974)
Ag 31 Nollaig 2008	(3,348)	3,348	1,674	(1,674)

Ríomhadh na figiúir thuas agus iarmhéideanna gan íoc, d'airleacain le haghaidh iasachtaí ar ráta athraitheach, á n-úsáid a fhritháiríonn maoiniúchán an Chláir Pháipéir Eurothrachtála atá fós amuigh agus ar ráta athraitheach, ar na dátaí thuas. Níl aon leochaileacht ag gabháil le hairleacain ar ráta seasta agus maoiniúchán ar ráta seasta ó thaobh athruithe ar rátaí úis an mhargaidh agus fágтар amach as an anailís seo iad mar sin.

Nochtacht do rioscaí ó thaobh na malairte eachtraí

Baineann riosca maidir le hathruithe ar rátaí malairte eachtraí leis na hidirbhearta seo a leanas:

Eisíonn an Ghníomhaireacht fiachas páipéir eurothrachtála i gcúipóin nialasacha in airgeadraí seachas an t-airgeadra feidhmeach. Fáláíonn Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, agus í ag gníomhú mar ghníomhaire, a nochtaithe is a bhítear d'airgeadraí eachtracha i leith aiséacaíocht an fhiachais seo trí dhul isteach i réamhchonartháí um airgeadra eachtrach chun suim sheasta euro a mhalartú ar shuim sheasta den airgeadra eachtrach. Faoi mar a bhí cúrsaí ag 31 Nollaig 2009 agus 2008, tar éis éifeachtaí na réamhchonartháí um airgeadra eachtrach a chur san áireamh, ní raibh aon nochtachtaí ábhartha ann ó thaobh cúrsaí airgeadra.

Nochtacht do riosca ó thaobh an ráta boillscithe

Tagann rioscaí a bhaineann leis an mboillsciú chun cinn de bharr mímhaitseála idir suimeanna treoirnasctha a fuarthas ar iasacht agus airleacain, a bhíonn ina ndlúthchuid de na

conartháí a rialaíonn gach taobh de leabhar na Gníomhaireachta. Bainistíonn an Ghníomhaireacht an riosca sin, d'uireasa ionstraimí fálúcháin a bheith ar fáil go héasca, trí phunainn na suimeanna a fuarthas ar iasacht agus na suimeanna a tugadh ar iasacht a mheaitseáil oiread agus is féidir agus trí chorrailigh a shocrú os cionn a costais, rud a cheadaíonn an Bord. Is é beartas na Gníomhaireachta ná a chinntiú go gcuirtear leordhóthain caipitil i leataobh chun freastal ar rioscaí arb eol go bhféadfadh tarlú sa tréimhse a mbaineann nochtachtaí den sórt sin léi.

I ndáil le mímhaitseálacha boillscithe agus mionathruithe ar chorrailigh, cinneann an Bord figiúir cúlchiste don bhliain reatha, bunaithe ar threochtaí stairiúla. I réimsí eile (m.sh. costas féideartha a bhainfeadh le mímhaitseáil idir sócmhainní ar ráta fadtéarmach seasta (airleacain d'údaráis áitiúla) agus dliteanais (bannaí)) cuireann an Bord cúlchistí i leataobh bunaithe ar ghlanluach reatha caillteanas féideartha ar rátaí lascaine reatha an mhargaidh.

Is ísle luach cothrom na sócmhainní treoirnasctha ná an luach iompair mar gheall go ngearrtar an ráta ioncaim ar na hiasachtaí treoirnasctha ar chorrailigh infheidhme ar ráta seasta móide boillsciú. Mar gheall go raibh díbhóillsciú i réim go leanúnach i rith 2009, is ráta diúltach é an ráta ioncaim foriomlán a ghearrtar ar na hiasachtaí sin anois.

Téann sé sin i bhfeidhm ar an ráta lascaine a úsáidtear chun an luach cothrom a ríomh, arb é atá i gceist leis sin ná an meánráta ioncaim a ghearrtar don bhliain lúide an ráta EURIBOR[®] ag deireadh na bliana. Bhí ráta lascaine diúltach ann le haghaidh 2009 dá thoradh sin.

Nótaí Atá ina Gcuid de na Ráitis aiRGeadais
15. Bainistíocht Rioscaí Airgeadais (ar lean.)

Is mar seo a leanas atá anailís leagtha amach ar leochaileacht na Gníomhaireachta i gcás méadú nó laghdú ar rátaí boilsicthe an innéacs praghasanna tomhaltais (ag déanamh talamh slán de go bhfuil staid an chláir chomhardaithe comhleanúnach):

	100 bp méadú comhthreomhar	100 bp laghdú comhthreomhar	50 bp méadú comhthreomhar	50 bp laghdú comhthreomhar
	€'000 Gnóth.	€'000 (Caill.)	€'000 Gnóth.	€'000 (Caill.)
Ar 31 Nollaig 2009	(176)	176	(88)	88
Ag 31 Nollaig 2008	(111)	111	(55)	55

Luach cothrom

Leagtar amach sna táblaí seo a leanas luachanna cothroma na sócmhainní agus na ndliteanas airgeadais faoi mar a bhí ag 31 Nollaig 2009 agus 31 Nollaig 2008:

	Luach iompair	Luach cothrom
	€'000	€'000
31 Nollaig 2009		
Sócmhainní Airgeadais		
Ráta seasta	147,204	200,093
Ráta comhlúthach	4,624,845	4,624,845
Treoirnasctha	160,552	105,391
Sócmhainní díorthacha	41,882	41,882
	4,974,483	4,972,211
Dliteanais airgeadais		
Ráta seasta	96,574	146,117
Ráta comhlúthach	4,639,160	4,639,160
Treoirnasctha	191,304	191,416
Dliteanais dhíorthacha	6,415	6,415
	4,933,453	4,983,108
31 Nollaig 2008		
Sócmhainní Airgeadais		
Ráta seasta	154,219	184,528
Ráta comhlúthach	4,625,816	4,625,816
Treoirnasctha	180,785	260,573
Sócmhainní díorthacha	113,332	113,332
	5,074,152	5,184,249
Dliteanais airgeadais		
Ráta seasta	98,169	135,179
Ráta comhlúthach	4,655,451	4,655,451
Treoirnasctha	198,296	265,987
Dliteanais dhíorthacha	66,758	66,758
	5,018,674	5,123,375

Nótaí Atá ina Gcuid de na Ráitis aiRGeadais
15. Bainistíocht Rioscaí Airgeadais (ar lean.)

Tá an Ghníomhaireacht tar éis a mheas conas is fearr is féidir léi luach cothrom na sócmhainní agus na ndlíteanas treoirnasctha a ríomh. Tagtar ar luach cothrom shócmhainní na Gníomhaireachta tríd an bhfálta ar €100 (ainmniúil) d'iasacht threoirnasctha a mheasúnú, i gcomparáid leis an bhfálta ar ghnáthiasacht inathraitheach a bheadh bunaithe ar EURIBOR[®] míosa, ar dháta an chláir comhardaithe. Táthar tar éis luach cothrom shócmhainní na Gníomhaireachta a ríomh mar €5.0bn. Tá an figiúr seo bunaithe ar EURIBOR de réir ráta dheireadh na bliana (2009: EURIBOR[®]) ar bhonn 365 lá.

Mar an gcéanna, luacháiltear dliteanais na Gníomhaireachta trí thagairt do EURIBOR[®] míosa (0.453% [bonn 360 lá]) ar 31 Nollaig 2009, agus an costas le stoc treoirnasctha a mhaoiniú curtha i gcomparáid leis an gcostas le gnáthstoic ar ráta inathraitheach a mhaoiniú. Táthar tar éis luach cothrom dhliteanais na Gníomhaireachta a mheas mar €5.0bn. Arís, tá an figiúr seo bunaithe ar EURIBOR[®] de réir ráta dheireadh na bliana (2009: EURIBOR[®]).

Agus an mhodheolaíocht seo á roghnú, chinn an Ghníomhaireacht gan úsáid a bhaint as margadhphraghas luaite na mbannaí treoirnasctha os rud é nach bhfuil siad ach ag líon beag stocbhróicéirí agus gurb annamh a thrádáiltear iad. Síleadh go dtabharfadh an luach trí thagairt do rátaí inathraitheacha léargas níos cruinne ar an scéal agus go bhféadfaí sócmhainní agus dliteanais araon a mheasúnú ar bhonn comhionann dá bharr.

Faightear luach cothrom na ndíorthach ó sholáthróir neamhspleách tríú páirtí, agus bíonn sé bunaithe ar faisnéis ábhartha ar phraghas an mhargaidh. Déantar an luach cothrom seo a ríomh ar bhonn rátaí deiridh airgeadraí eachtracha Bhanc Ceannais na hEorpa faoi mar a bhí ag 31 Nollaig 2009.

Tá anailís déanta sa tábla thíos ar ionstraimí airgeadais arna dtomhas ar a luach cothrom ar 31 Nollaig 2009 de réir an leibhéil in ordlathas an luacha chothroim ar a gcuirtear tomhas an luacha chothroim.

	Margadh-Phraghasanna Luaite (Leibhéal 1)	Teicnící luachála agus sonraí inbhraite ón margadh á n-úsáid (Leibhéal 2)	Teicnící luachála agus sonraí neamh-inbhraite ón margadh á n-úsáid (Leibhéal 3)	Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000
Ordlathas an Luacha Chothroim				
Sócmhainní airgeadais arna gcoinneáil ar luach cothrom				
Ionstraimí airgeadais díorthacha	-	41,882	-	41,882
Sócmhainní airgeadais arna gcoinneáil ar luach cothrom				
Ionstraimí airgeadais díorthacha	-	6,415	-	6,415

Níor aistríodh aon chinn idir na leibhéil i rith na bliana. Baineann na hionstraimí airgeadais arna luacháil trí úsáid a bhaint as sonraí inbhraite ón margadh (Leibhéal 2) le hionstraimí airgeadais díorthacha.

Nótaí Atá ina Gcuid de na Ráitis aRGeadais (ar lean.)

16. Ionstraimí airgeadais díorthacha

	Suim chonartha/ bharúlach	Sócmhainní ar luach cothrom	Dliteanais ar luach cothrom
	€'000	€'000	€'000
Ar 31 Nollaig 2009			
Díorthaigh a ainmnítear mar fháluithe sreafa airgid thirim			
Comhaontuithe ar aghaidh ar ráta malairte	2,150,272	41,882	(6,415)
Iomlán na sócmhainní/(na ndliteanas) aitheanta	2,150,272	41,882	(6,415)

Ar 31 Nollaig 2008

Díorthaigh a ainmnítear mar fháluithe sreafa airgid thirim			
Comhaontuithe ar aghaidh ar ráta malairte	2,363,048	113,332	(66,758)
Iomlán na sócmhainní/(na ndliteanas) aitheanta	2,363,048	113,332	(66,758)

Táthar ag súil go dtarlóidh na sreabhaí airgid thirim agus na gluaiseachtaí gaolmhara in ioncam agus caiteachas i ndáil leis na díorthaigh thuas, ar fad faoi cheann bliain amháin.

17. Cúlchiste fálaithe/fáluithe sreabhaí airgid thirim

	2009	2008
	€'000	€'000
Iarmhéid ag tús na bliana	(21)	-
Gnóthachain/(caillteanais) ar ionstraimí fálaithe	(190)	(395)
Arna n-aistriú go dtí cuntas ioncaim agus caiteachais	(104)	374
Iarmhéid ag deireadh na bliana	(315)	(21)

Nótaí Atá ina Gcuid de na Ráitis aiRGeadais (ar lean.)

18. Ráiteas um shreabhadh airgid

	Blian dar críoch 31 Nollaig 2009	Blian dar críoch 31 Nollaig 2008
	€'000	€'000
(a) Mar a réitíodh an barrachas oibriúcháin leis an eisreabhadh airgid thirim de bharr gníomhaíochtaí oibriúcháin		
Barrachas/(easnamh) oibriúcháin don bhliain airgeadais	7,706	(21,411)
Caiteachas díreach (Nóta 4)	89,765	209,447
Costais seirbhíse pinsin (Nóta 6)	142	65
Luachlaghdú (Nóta 9)	42	35
Ús faighte	4,132	19,245
Ús Íoctha	(96,774)	(201,033)
Gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre:		
(Laghdú)/méadú ar shuimeanna atá dlite ó údaráis áitiúla (Nóta 8)	23,523	(16,256)
Méadú ar airleacain (Nóta 8)	(144,478)	(658,928)
Méadú ar fhiachóirí eile agus réamhíocaíochtaí	-	2
(Laghdú)/méadú ar chreidiúnaithe	(26,585)	18,774
(Laghdú)/méadú ar dhíorthaigh	11,107	(91,381)
Eis-sreabhadh airgid thirim de bharr gníomhaíochtaí oibriúcháin	(131,420)	(741,441)
(b) Ollsreabhaí airgid thirim		
Aischiú ar infheistíocht agus fónamh ar airgead		
Fuascailt bannaí	-	(266,906)
Glan-eis-sreabhadh airgid ó fháltais ar infheistíochtaí agus ó airgeadas a bheith seirbhísithe	-	(266,906)
Caiteachas caipitil		
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	(8)	(57)
Glan-eis-sreabhadh airgid de bharr caiteachais chaipitil agus diúscairtí	(8)	(57)
Maoiniúchán Fiachais		
(Laghdú)/méadú ar iasachtaí bainc agus nótaí iníoctha	(17,166)	902,490
Glan-insreabhadh airgid ó athrú ar fhiachas	(17,166)	902,490

Nótaí Atá ina Gcuid de na Ráitis airgeadais
18. Ráiteas um shreabhadh airgid (ar lean.)

	Ar 31 Nollaig 2009	Sreabhaí airgid thirim	Gluaiseachtaí neamhairgid	Ar 31 Nollaig 2008
	€'000	€'000	€'000	€'000
(c) Anailís ar athruithe ar ghlanfhiachas				
Airgead tirim ar láimh, sa bhanc	259,309	(149,675)	–	408,984
Rótharraingt	–	1,082	–	(1,082)
	259,309	(148,593)		407,902
Iasachtaí bainc agus nótaí iníoctha faoi cheann bliana	(4,545,902)	(184,584)		(4,361,318)
Iasachtaí bainc agus nótaí iníoctha tar éis bliana	(97,555)	201,749		(299,304)
Bannaí treoirnasctha	(96,103)		135	(96,238)
Soláthar le haghaidh préimhe ar fhuascailt bhannaí	(95,201)		6,855	(102,056)
Stoc 8.75% na Gníomhaireachta 2018	(92,277)		(361)	(91,916)
	(4,667,729)	(131,428)	6,629	(4,542,930)

19. Scairchaipiteal

Tá 30,000 gnáthscaireanna ann ar €1.30 atá údaraithe, leithroinnte, glaoite agus láníoctha agus is é €39,000 ag 31 Nollaig 2009 agus 2008 suim na scaireanna sin le chéile.

20. Mar a réitíodh barrachas coinnithe

	31 Nollaig 2009	31 Nollaig 2008
	€'000	€'000
Barrachas coinnithe ag tus na bliana	21,255	24,098
Barrachas/(easnamh) oibriúcháin don bhliain airgeadais	10,888	(2,023)
Gnóthachain agus cailteanais achtúireacha	63	(820)
Barrachas coinnithe ag deireadh na bliana	32,206	21,255

21. Mar a réitíodh cistí scairshealbhóirí

	31 Nollaig 2009	31 Nollaig 2008
	€'000	€'000
Cistí tosaigh scairshealbhóirí	21,273	24,137
Barrachas/(easnamh) aitheanta don bhliain	10,657	(2,864)
Cistí deiridh scairshealbhóirí	31,930	21,273

Nótaí Atá ina Gcuid de na Ráitis aiRGeadais (ar lean.)

22. Ceangaltais

Ceangaltais an léasa oibriúcháin

Tá ceangaltais ar an nGníomhaireacht, faoi léas oibriúcháin (áitreabh oifige) leis na hÍocaíochtaí bliantúla seo a leanas a dhéanamh:

Léas ag dul in éag:	Foirgnimh
	€'000
Tráth nach déanaí ná bliain	80
Tar éis bliain amháin níos lú ná cúig bliana	120
Tar éis cúig bliana	120

23. Barrachas/(Easnamh) Pinsin

Feidhmíonn an Ghníomhaireacht scéim pinsin le sochair shainithe a chlúdaíonn na buanfhostaithe go léir.

Rinneadh an luacháil iomlán achtúireachta ba dhéanaí an 31 Nollaig 2007, ag úsáid an Mhodha Chomhiomláin.

Ba é an príomhbhonn tuisceana a bhí mar bhonn is mar thaca leis an luacháil achtúireachta ná go sáródh ráta fadtéarmach an fháltais ar infheistíochtaí boillsciú na dtuarastal ar ráta 2% sa bhliain.

Ar 31 Nollaig 2009 ba é margadhluach shócmhainní an chiste ná €2.82m (2008: €1.95m). Méadaíodh na ranníocaíochtaí don chiste ar aon dul le moltaí an achtúire. Tá an tuarascáil achtúireachta ar fáil lena grinnscrúdú ag baill na scéime.

Chun críocha Shochair Scoir FRS 17, tá na luachálacha is déanaí tugtha cothrom le dáta go 31 Nollaig 2009 ag achtúire cáilithe neamhspleách a rinne an luacháil ar bhonn mhodha chostas an aonaid réamh-mheasta. Ba iad na príomhbhonn tuisceana achtúireachta a úsáideadh ná na cinn seo a leanas:

	2009	2008	2007
	%	%	%
Ráta méadaithe na dtuarastal	3.75	3.75	4.25
Ráta méadaithe na n-íocaíochtaí pinsean	2.00	2.00	2.50
Ráta lascaine	5.10	5.60	5.60
An boillsciú a ndéantar talamh slán de	2.00	2.00	2.50

Ráta Básmháireachta	2009	2008	2007
Tar éis dul ar scor – fear 62.5 bliana d'aois	23.5 bliain	23.9 bliain	21.6 bliain
Tar éis dul ar scor – bean 62.5 bliana d'aois	25.3 bliain	27.8 bliain	25.3 bliain

Ar na boinn tuisceana seo, leagtar amach sa tábla seo a leanas margadhluach shócmhainní na scéime sochair shainithe mar aon le mionsonraí i dtaobh rátaí fadtéarmacha an fháltais a bhfuiltear ag súil leis agus a úsáidtear chun an méid a thaispeántar sa chuntas ioncaim agus caiteachais a ghiniúint. Taispeántar freisin an luacháil is déanaí ar dhliteanais na scéime arna n-uasdátú chun gluaiseachtaí sna boinn tuisceana airgeadais a chur san áireamh.

Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais
23. Barrachas/(Easnamh) Pinsín (ar lean.)

Ba iad na sócmhainní sa scéim agus ráta an fháltais a rabhthas ag súil leis ná:

	Ráta fadtéarmach an fháltais a bhfuiltear ag súil leis ar 31 Nollaig 2009	Luach ar 31 Nollaig 2009	Ráta fadtéarmach an fháltais a bhfuiltear ag súil leis ar 31 Nollaig 2008	Luach ar 31 Nollaig 2008	Ráta fadtéarmach an fháltais a bhfuiltear ag súil leis ar 31 Nollaig 2007	Luach ar 31 Nollaig 2007
	%	€'000	%	€'000	%	€'000
Cothromais	7.00	915	7.00	547	6.50	1,276
Bannaí	4.00	1,775	4.00	1,301	4.00	173
Áitreabh	6.50	65	6.50	72	6.00	121
Airgead tirim agus sócmhainní eile	2.00	68	2.00	28	2.50	47
Margadhluach iomlán shócmhainní na scéime pinsín		2,823		1,948		1,617
Luach reatha dhliteanais na scéime pinsín		(2,344)		(2,025)		(1,681)
Glanbharrachas/(easnamh) iomlán scoir sa scéim		479		(77)		(64)
Glaneasnamh/bharrachas iomlán pinsín		479		(77)		(64)

Ríomhadh an fáltas a bhfuiltear ag súil leis mar mheánfhigiúr ualaithe na bhfáltas fadtéarmach a bhfuiltear ag súil leo ó gach ceann de na príomhaicmí sócmhainní atá sa scéim – is iad na codanna a choinnítear leis an scéim i ngach ceann de na príomhaicmí sócmhainní na hualaí a ghactar. Le haghaidh na gcothromas, táthar tar éis glacadh leis an mboilsciú ar phraghasanna móide 5.0% p.a. le haghaidh boilsciú maidir le maoin móide 4.5% mar an fáltas a bhfuiltear ag súil leis. Le haghaidh Ús Seasta, glacadh leis gurb iad na torthaí comhlána go dtí fuascailt, ar bhannaí fadtéarmacha, an fáltas a bhfuiltear ag súil leis. Le haghaidh airgead tirim, is ionann an fáltas a bhfuiltear ag súil leis agus an boilsciú ar phraghasanna.

Is féidir gnóthachain agus caillteanais achtúireachta na scéime a anailísiú mar a leanas:

	31 Nollaig 2009	31 Nollaig 2008	31 Nollaig 2007	31 Nollaig 2006	31 Nollaig 2005
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
San áireamh i ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta iomlán:					
Difríocht idir fáltas a rabhthas ag súil leis agus fáltas iarbhír ar shócmhainní	152	(661)	(188)	95	361
Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí ar dhliteanais na scéime	54	(129)	(184)	(100)	(211)
Éifeacht athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireachta	(143)	(30)	246	(189)	(361)
San áireamh i ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta iomlán	63	(820)	(126)	(194)	(211)

Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais
23. Barrachas/(Easnamh) Pinsin (ar lean.)

Stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas achtúireachta

	31 Nollaig 2009	31 Nollaig 2008	31 Nollaig 2007	31 Nollaig 2006	31 Nollaig 2005
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Difríocht idir fáltas a rabhtas ag súil leis agus fáltas iarbhír ar shócmhainní	152	(661)	(188)	95	361
Sainráite mar chéatadán de shócmhainní na scéime	5.38%	(33.9%)	(11.6%)	4.5%	12.1%
Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí ar dhliteanais na scéime	54	(129)	(184)	(100)	(211)
Sainráite mar chéatadán de dhliteanais na scéime	2.30%	(6.37%)	(10.9%)	(4.8%)	(7.5%)
Gnóthachain agus caillteanais achtúireachta iomlána	63	(820)	(126)	(194)	(211)
Sainráite mar chéatadán de dhliteanais na scéime	2.69%	(40.5%)	(7.5%)	(9.3%)	(7.5%)

Is mar seo a leanas atá athruithe ar luach reatha na hoibleagáide i leith sochar sainmhínithe:

	2009	2008
	€'000	€'000
Easnamh ag 1 Eanáir	(2,025)	(1,681)
Costas reatha seirbhíse	(58)	(65)
Costas Úis	(118)	(99)
Ranníocaíochtaí ó fhostaithe	(26)	(21)
(Caillteanais) achtúireachta	(89)	(159)
Iarchostais seirbhíse	(84)	-
Sochair a íocadh	56	-
Easnamh ag 31 Nollaig	(2,344)	(2,025)

Tá athruithe ar luach cothrom na sócmhainní sa phlean mar seo a leanas

Luach Cothrom na sócmhainní sa phlean ag 1 Eanáir	1,948	1,617
Toradh a bhfuiltear ag súil leis ar shócmhainní sa phlean	90	110
Ranníocaíochtaí ón fhostóir	663	861
Ranníocaíochtaí ó fhostaithe	26	21
Caillteanais achtúireachta	152	(661)
Sochair a íocadh	(56)	-
Coigeartuithe eile (más ann d'aon chinn)	-	-
Luach cothrom na sócmhainní sa phlean ag 31 Nollaig	2,823	1,948

Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais
23. Barrachas/(Easnamh) Písin (ar lean.)

Eolas Breise

	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2010	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2009
	€'000	€'000
Ranníocaíochtaí lena bhfuiltear ag súil ón bhFostóir	203	229

24. Imeachtaí i ndiaidh an chláir chomhardaithe

Ní raibh aon imeachtaí suntasacha ann tar éis dheireadh na bliana a fhágann gur gá nithe a nochtadh nó a mhionathrú sna cuntais.

25. Faomhadh na ráiteas airgeadais

Ar 25 Márta 2010 cheadaigh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais iniúchta, atá de réir an leagan amach atá ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil le toiliú an Aire Airgeadais.



Agusín

I-4

AGUISÍN HAON

Fuilleach fós le híoc ag Údaráis Áitiúla agus ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta

Údarás Áitiúil	31 Nollaig 2009	31 Nollaig 2008
	€'000	€'000
Baile Átha Luain, Comhairle Baile	2,489	2,531
Comhairle Baile Bhaile Átha Í	1,985	960
Bré, Comhairle Baile	7,420	1,427
Bun Dobhráin, Comhairle Baile	1903	0
Ceatharlach, Comhairle Contae	39,125	40,202
Carraig na Siúire, Comhairle Baile	397	389
Baile na Lorgan, Comhairle Baile	75	82
An Cabhán, Comhairle Contae	19,024	17,694
An Clár, Comhairle Contae	52,216	48,322
Cloich na Coillte, Comhairle Baile	2,289	3,442
Cluain Eois, Comhairle Baile	186	193
Cluain Meala, Comhairle Buirge	5,201	5,379
Corcaigh, Comhairle Cathrach	158,418	155,646
Corcaigh, Comhairle Contae	418,514	386,681
Dún na nGall, Comhairle Contae	102,390	102,925
Droichead Átha, Comhairle Buirge	76,062	79,290
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	1,023,972	1,008,340
Dún Dealgan, Comhairle Baile	54,057	52,076
Dún Garbhán, Comhairle Baile	2,045	2,001
Dún Laoghaire/R. an Dúin, Comhairle Contae	160,897	156,328
Inis, Comhairle Baile	999	1,000
Inis Córthaidh, Comhairle Baile	-	420
Mainistir Fhear Maí, Comhairle Baile	332	325
Fine Gall, Comhairle Contae	449,245	463,025
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	126,670	143,559
Gaillimh, Comhairle Contae	91,581	72,197
Ciarraí, Comhairle Contae	84,363	73,282
Cill Dara, Comhairle Contae	139,315	145,477
Cill Chainnigh, Comhairle Buirge	719	775

Aguisín Haon (ar lean.)

Údarás Áitiúil	31 Nollaig 2009	31 Nollaig 2008
	€'000	€'000
Cill Chainnigh, Comhairle Contae	52,195	56,874
Cill Airne, Comhairle Baile	-	3,500
Laois, Comhairle Contae	140,755	137,011
Comhairle Contae Liatroma	9,873	9,487
Luimneach, Comhairle Cathrach	17,838	27,841
Luimneach, Comhairle Contae	43,605	47,751
Liosa Tuathail, Comhairle Baile	1,446	1,766
An Longfort, Comhairle Contae	44,258	44,887
An Longfort, Comhairle Baile	6,891	8,543
Lú, Comhairle Contae	32,196	3,870
Mala, Comhairle Baile	3,759	3,679
Maigh Eo, Comhairle Contae	66,142	68,553
Mí, Comhairle Contae	94,782	75,153,
Muineachán, Comhairle Contae	35,147	31,938
An Nás, Comhairle Baile	11,820	11,652
An tAonach, Comhairle Baile	749	-
Tiobraid Árann Thuaidh, Co.Co.	49,267	39,639
Uíbh Fhailí, Comhairle Contae	41,740	39,036
Ros Comáin, Comhairle Contae	7,584	5,897
An Sciobairín, Comhairle Baile	1,371	1,341
Sligeach, Comhairle Buirge	43,624	50,570
Comhairle Chontae Shligigh	58,007	51,810
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	245,086	242,528
Tiobraid Árann Theas, Comhairle Contae	57,798	61,246
Trá Lí, Comhairle Baile	20,424	19,990
Tulach Mhór, Comhairle Baile	6,931	12,607
Port Láirge, Comhairle Cathrach	97,250	97,525
Port Láirge, Comhairle Contae	37,604	35,666
An Iarmhí, Comhairle Contae	98,109	80,566
Cathair na Mart, Comhairle Baile	3,531	3,456
Loch Garman, Comhairle Buirge	5,080	5,350
Loch Garman, Comhairle Contae	138,310	121,523
Cill Mhantáin, Comhairle Contae	72,980	58,150
Cill Mhantáin, Comhairle Baile	7,210	7,056
Fo-iomlán	4,575,251	4,430,429
An Ghníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta	7,365	7,209
Iomlán	4,582,616	4,437,638

AGUISÍN DÓ

Iasachtaí arna dTabhairt ar Airleacan ag Údaráis Áitiúla agus ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta

Údarás Áitiúil	31 Nollaig 2009	31 Nollaig 2008
	€'000	€'000
Baile Átha Luain, Comhairle Baile	-	1,300
Comhairle Baile Bhaile Átha Í	1,027	960
Bré, Comhairle Baile	6,100	-
Bun Dobhráin, Comhairle Baile	1,900	-
Ceatharlach, Comhairle Contae	1,307	4,409
An Cabhán, Comhairle Contae	3,186	3,163
An Clár, Comhairle Contae	7,760	3,604
Corcaigh, Comhairle Cathrach	26,365	50,581
Corcaigh, Comhairle Contae	93,078	137,593
Dún na nGall, Comhairle Contae	12,854	11,871
Droichead Átha, Comhairle Buirge	1,749	8,525
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	160,594	222,265
Dún Dealgan, Comhairle Baile	2,835	8,345
Dún Laoghaire/R. an Dúin, Comhairle Contae	7,286	61,656
Inis, Comhairle Baile	-	1,000
Fine Gall, Comhairle Contae	44,790	116,813
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	8,390	23,387
Gaillimh, Comhairle Contae	23,882	11,604
Ciarraí, Comhairle Contae	14,900	21,335
Cill Dara, Comhairle Contae	14,385	26,035
Cill Chainnigh, Comhairle Contae	11,848	15,520
Cill Airne, Comhairle Baile	-	3,500
Laois, Comhairle Contae	16,956	51,081
Comhairle Contae Liatroma	1,000	127
Luimneach, Comhairle Cathrach	11,250	10,904
Luimneach, Comhairle Contae	850	12,939
Liosa Tuathail, Comhairle Baile	-	640
An Longfort, Comhairle Contae	6,043	14,000

Aguisín Dó (ar lean.)

Údarás Áitiúil	31 Nollaig 2009	31 Nollaig 2008
	€'000	€'000
An Longfort, Comhairle Baile	-	6,000
Lú, Comhairle Contae	28,566	-
Maigh Chromtha, Comhairle Baile	-	1,200
Maigh Eo, Comhairle Contae	263	14,956
Mí, Comhairle Contae	36,341	5,516
Muineachán, Comhairle Contae	5,142	1,966
An tAonach, Comhairle Baile	750	-
Tiobraid Árann Thuaidh, Co.Co.	14,637	15,066
Uíbh Fhailí, Comhairle Contae	4,145	1,949
Ros Comáin, Comhairle Contae	1,900	696
Sligeach, Comhairle Buirge	-	2,915
Comhairle Chontae Shligigh	7,909	2,309
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	28,955	60,097
Tiobraid Árann Theas, Comhairle Contae	632	3,920
Tulach Mhór, Comhairle Baile	-	12,398
Port Láirge, Comhairle Cathrach	5,800	23,588
Port Láirge, Comhairle Contae	3,448	2,585
An Iarmhí, Comhairle Contae	23,900	27,184
Loch Garman, Comhairle Contae	20,057	41,705
Cill Mhantáin, Comhairle Contae	17,950	14,789
Fo-Iomlán	680,730	1,061,996


AGUISÍN TRÍ

*Fuilleach atá Gan Íoc ar Leabhar na n-Iasachtaíde réir
Chineál an Ráta agus Fad na hIasachta*

	Ráta seasta	Ráta Inathraithe	Treoirnasctha		Iomlán
	€'000	€'000	Tar éis Bealtaine 1986 €'000	Roimh Bhealtaine 1986 €'000	€'000
0 go 5 bliana	1,271,809	7,665	(956)	-	1,278,518
6 go 10 mbliana	200,782	25,880	-	4,688	231,350
11 go 15 bliana	229,494	4,007	-	31,738	265,239
16 go 20 bliain	595,651	19,842	-	93,556	709,049
21 go 25 bliain	1,007,073	43,190	-	-	1,050,263
26 go 30 bliain	856,328	39,400	-	-	895,728
31 go 40 bliain	124,321	-	21,759	6,389	152,469
Iomlán	4,285,458	139,984	20,803	136,371	4,582,616

AGUISÍN CEATHAIR

Struchtúr Foirne na Gníomhaireachta



*Ag roinnt an phoist

--- Chun críocha na hiniúcháireachta inmheánaí amháin.



AN GHNÍOMHAIREACHT AIRGEADAIS TITHÍOCHTA cpt

Teach Eden
15/17 Eden Quay
Baile Átha Cliath 1.

T +353 1 872 5722
F +353 1 872 5878

E cosec@hfa.ie
W www.hfa.ie